Coimisiún na hÉireann
um Aistriú Cóir
Just Transition
Commission of Ireland

# Tuarascáil Tosaigh ó Choimisiún na hÉireann um Aistriú Cóir

2025

Arna cur faoi bhráid an Aire Aeráide, Fuinnimh
agus Comhshaoil i mí an Mheithimh 2025
Coimisiún na hÉireann um Aistriú Cóir 2025

## Téigh i dteagmháil!

Tá an Coimisiún ag iarraidh cluinstin ó dhaoine, ó phobail, ó eagraíochtaí agus ó ghníomhaithe sochaíocha i gcoitinne atá ag obair i dtreo aistriú cóir. Ba mhaith linn cluinstin faoi na dúshláin atá romhainn agus faoi shamplaí dearfacha den dóigh ar féidir spriocanna sóisialta agus aeráide a chomhtháthú chun tacú le gníomhaíocht, cuimsiú, ceartas agus comhionannas. Chun do léargais nó do scéalta a chomhroinnt, seol ríomhphost chugainn ag

info@justtransitioncommission.ie
www.justtransitioncommission.ie

# An Coimisiún um Aistriú Cóir

Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Aistriú Cóir ag deireadh na bliana 2024 mar chomhlacht comhairleach do rialtas na hÉireann. Cuimsíonn an Coimisiún deichniúr Gnáthchomhaltaí agus Cathaoirleach amháin, ar cheap an rialtas iad ar feadh téarma trí bliana (2024-2027).

Ainmníodh cúigear comhaltaí trí na colúin d'idirphlé sóisialta, dá ngairtear freisin an colún Talmhaíochta, an colún Gnó, an colún Pobail agus Deonach, an colún Comhshaoil, agus an colún Ceardchumann. Tá seisear comhaltaí ina saineolaithe neamhspleácha a ceapadh trí phróiseas oscailte.



## Ali Sheridan, Cathaoirleach

D'oibrigh Ali i roinnt ról ceannaireachta sinsearaí aeráide, agus thacaigh sí le forbairt agus fás clár aeráide, lenar áiríodh ag Curaidh Aeráide Ardleibhéil na Náisiún Aontaithe, ag an gConradh um Neamhleathadh Breoslaí Iontaise, ag IKEA agus ag Bord Bia. Bhí róil aici leis an Tionscnamh Talmhaíochta Inbhuanaithe agus leis an Taisce roimhe seo freisin.

Thacaigh sí le raon éagsúil eagraíochtaí agus earnálacha chun straitéisí um aistriú cóir iontaofa aeráide a fhorbairt, agus rinne sí cláir aeráide a dhearadh agus a sholáthar do raon ollscoileanna. Gníomhaíonn sí mar léachtóir ó am go ham freisin.

Sealbhaíonn Ali MSc in Inbhuanaitheacht Gnó, MSc i bhForbairt Inbhuanaithe agus BSc i mBainistíocht Comhshaoil. Suíonn sí ar Choiste Comhairleach na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, ar Bhord Comhairleach Institiúid Aeráide agus Sochaí Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) agus ar an mBord um Eolas Coiteann. Ar an leibhéal áitiúil, thacaigh Ali lena Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe áitiúil, agus ghníomhaigh sí mar ionadaí do Líonra Rannpháirtíochta Pobail.



## Conor Minogue

Tá Conor Minogue ina fheidhmeannach sinsearach beartais in Ibec, grúpa gnó. Shealbhaigh Conor roinnt ról beartais ó chuaigh sé isteach san eagraíocht den chéad uair sa bhliain 2012. San am i láthair, oibríonn sé le comhaltaí Ibec chun an clár oibre beartais fuinnimh agus aeráide a fhorbairt agus a chur chun cinn do lucht gnó na hÉireann. Tugann sé treoir don tionscal maidir le tuairisc a thabhairt ar ghníomhú ar son na haeráide agus ar an inbhuanaitheacht freisin. Bhí sé mar phríomhúdar ar an bhFoireann Uirlisí um Ghníomhú ar son na hAeráide don Lucht Gnó ó Ibec agus ar an Treochlár le haghaidh Geilleagar Ísealcharbóin a Fhorbairt, rud a d'fhoilsigh Ibec sa bhliain 2019.

Sula ndeachaigh sé isteach in Ibec, d'oibrigh sé ag Ambasáid an Aontais Eorpaigh in Washington DC. Rinne Conor staidéar ar stair agus ar chaidreamh idirnáisiúnta ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ag Ollscoil California, Berkeley, agus ag Ollscoil Cambridge. Tá Ard-Dioplóma sa Dlí Pleanála agus Comhshaoil aige ó Óstaí an Rí freisin.



## Diarmuid Torney

Tá an Dr Diarmuid Torney ina Stiúrthóir ar Institiúid Aeráide agus Sochaí Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), agus tá sé ina Ollamh Comhlach sa Scoil Dlí agus Rialtais in DCU.

Tá a chuid taighde dírithe ar an mbeartas agus an rialachas i réimse an athraithe aeráide. Tá sé ina chomhordaitheoir ar thionscadal dar teideal RETOOL de chuid Fhís Eorpach, rud a bhfuil mar aidhm leis rialachas daonlathach a neartú le haghaidh aistrithe aeráide san Eoraip, agus stiúrann sé rannpháirtíocht DCU sa Chomhionad um Aeráid + Bithéagsúlacht + Uisce atá á chistiú ag Taighde Éireann. Tá sé ina shainchomhalta neamhspleách den Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta, agus tá sé ina chomhalta de Ghrúpa Feidhmiúcháin an Líonra Taighde Aeráide agus Bithéagsúlachta Uile-Oileáin.



## Evan Boyle

Tá an Dr Evan Boyle ina Thaighdeoir Sinsearach Iardhochtúireachta in Ionad Taighde MaREI um Fhuinneamh, Aeráid agus Cúrsaí Muirí atá á chomhordú ag an Institiúid um Thaighde Comhshaoil, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Tá a chuid taighde dírithe ar rannpháirtíocht an phobail in aistrithe fuinnimh agus ar chineálacha trasdisciplíneacha cur chuige i leith na hinbhuanaitheachta. Cumhdaítear lena chuid oibre modhanna chun taighde feidhmeach a chur chun feidhme ar mhaithe le réitigh um ghníomhú ar son na haeráide a chomhchruthú le geallsealbhóirí lasmuigh den lucht léinn trí pháirt a ghlacadh i roinnt tionscadal, lena n-áirítear Corca Dhuibhne 2030 (2018-2021), Imagining2050 (2018-2020) agus STEPS (2022-2024). Tá sé mar aidhm leis an obair sin freisin bonn eolais a chur faoin mbeartas maidir le modhanna córa cuimsitheacha a úsáid le haghaidh an t-aistriú fuinnimh a bhaint amach.



## Michelle Murphy

Tá Michelle Murphy ina hAnailísí Taighde agus Beartais le Ceartas Sóisialta Éireann. Soláthraíonn Michelle taighde, anailís beartais agus caidreamh straitéiseach ar an inbhuanaitheacht, ar fhorbairt tuaithe, agus ar an tionchar a bheidh ag beartas ar dháileadh ioncaim agus ar chuimsiú sóisialta.

Tháirg sí roinnt píosaí taighde beartais shóisialta ar an inbhuanaitheacht agus ar an aistriú cóir, lena n-áirítear roghanna beartais chun ár spriocanna aeráide a chomhlíonadh trí chreat um aistriú cóir, taighde ar an tionchar a bheidh ag an mBreatimeacht ar aistriú cóir i bpobail tuaithe in Éirinn, taighde ar an tionchar a bheidh ag ár spriocanna aeráide ar fhorbairt réigiúnach, agus taighde ar threochtaí i ndáil le dáileadh ioncaim, leis an mbochtaineacht agus le cuimsiú sóisialta.



## Oisín Coghlan

Is anailísí agus comhairleoir beartais phoiblí é Oisín Coghlan, a dhéanann speisialtóireacht san aeráid agus sa chomhshaol. Oibríonn sé faoi láthair leis an gcomhghuaillíocht 'Stop Climate Chaos', Líonra Comhshaoil na hÉireann agus The Wheel. Bhí sé ina phríomhfheidhmeannach ar Chairde na Cruinne go dtí le déanaí, áit ar stiúir sé an feachtas 14 bliana ar son dlí láidir aeráide, ar dá bharr a ritheadh an tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2021.

Roimhe sin, d'oibrigh Oisín in earnáil an chúnaimh thar lear, chearta an duine agus na dlúthpháirtíochta domhanda ar feadh tréimhse 10 mbliana. Sealbhaíonn sé céim MA i gCaidreamh Idirnáisiúnta ó DCU agus céim BA sa tSocheolaíocht agus san Eolaíocht Pholaitiúil ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.



## Ryan McKinney

San am i láthair, tá Ryan McKinney ina Cheann um Athrú Straitéiseach ag Fórsa, an dara ceardchumann is mó in Éirinn. Sa ról sin, déanann sé formhaoirseacht ar chlár uaillmhianach éagsúil um athrú, agus stiúrann sé tionscnaimh cheannródaíocha. Áirítear leis na tionscnaimh sin infheistíocht is fiú na milliúin euro i gcóras saincheaptha ballraíochta, áit a bhfuil modheolaíocht idirnáisiúnta á dearadh agus á cur chun feidhme chun bunathrú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na mball agus ar an dóigh a gcomhlíontar plean straitéiseach reatha an cheardchumainn.

Tá taithí os cionn fiche bliain ag Ryan ar chaidreamh tionsclaíoch agus ar dhul i mbun feachtas tionsclaíoch, ar taithí í a ghnóthaigh sé i róil shinsearacha sa ghluaiseacht ceardchumainn i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann.



## Seamus Boland

Tá saineolas ag Seamus Boland ar ghnóthaí tuaithe agus talmhaíochta, agus é ag obair le pobail agus leis an lucht déanta beartas le níos mó ná 30 bliain anuas. Mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Nasc Tuaithe na hÉireann, chabhraigh sé le líonra tuaithe náisiúnta ina bhfuil 600 eagraíocht pobail a fhorbairt. Bhí sé ina Chathaoirleach ar Pobal agus d'fhóin sé ar Bhord The Wheel roimhe seo.

Is feirmeoir é freisin, agus cónaíonn sé sa Lár Tíre. Tá sé ina Chathaoirleach ar an gComhairle Tailte Móna, agus déanann sé cathaoirleacht ar an gcoiste idir-rannach rialtais atá freagrach as cur chun feidhme na Straitéise um Thailte Móna. Tá sé sa dara téarma mar Uachtarán ar an nGrúpa Eagraíochtaí Sochaí Sibhialta de chuid Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.



## Suresh Kumar

Tá Suresh Kumar ina Leas-Stiúrthóir um Nuálaíocht, Bunathrú Tionsclaíoch agus Oifig an Phríomhchomhairleora Eolaíoch do rialtas na hAlban. Bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin do Chumann Taighde Max Planck roimhe seo.

Is ceannaire sinsearach seanchleachta é Suresh, agus d'oibrigh sé i róil bheartais, straitéise agus oibríochtaí sna hearnálacha Ollscoile, Taighde agus Nuálaíochta roimhe seo, agus é ag díriú ar thionscadail chaipitil, tallann, scileanna, fiontraíocht, cruthú post, agus bonneagar úrscothach idir an Tionscal agus Ollscoileanna. Is saineolaí ar chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí é. Is straitéisí é freisin, agus é ag leagan treonna amach anseo síos do réimsí eolaíocha/teicneolaíocha ar an leibhéal náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta i gcomhpháirt leis an lucht Gnó, leis an lucht Tionscail agus le fiontair bheaga agus mheánmhéide.



## Tanya Ward

Tá Tanya Ward ina Príomhfheidhmeannach ar an gComhghuaillíocht um Chearta Leanaí. Roimhe seo, bhí sí ina Leas-Stiúrthóir ar an gComhairle um Chearta an Duine, agus d'oibrigh sí leis an Ionad Éireannach um Staidéar Imirce, le Comhairle Dídeanaithe na hÉireann agus leis an Aonad Forbartha Curaclaim.

Mar iarléachtóir le cearta an duine ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus ag Scoil Ceartais Shóisialta UCD, is céimí de chuid UCC í agus tá LLM i gCearta an Duine aici ó Ollscoil na Ríona, Béal Feirste. D'fhóin Tanya ar bhoird na Cónaidhme Idirnáisiúnta um Chearta an Duine, Athchóiriú Meabhairshláinte agus an Ionaid Dlí do Leanaí agus Daoine Óga. Tá sí ina Leas-Uachtarán ar Eurochild faoi láthair. Bhí sí ina Cathaoirleach ar an gComhairle Chomhairleach Náisiúnta um Leanaí agus Daoine Óga roimhe seo, agus tá sí ina comhalta de Bhord an Chláir um Athchóiriú na Sraithe Sinsearaí faoi láthair. Tugadh an Gradam do Shármhaitheas i gCeannaireacht do Tanya sa bhliain 2024.



## Vanessa Kiely O'Connor

Is feirmeoir as Inis Eonáin, Contae Chorcaí, í Vanessa Kiely O'Connor. Sealbhaíonn sí Dioplóma in Eolaíocht an Chomhshaoil agus Beartas Sóisialta, agus tá Dioplóma aici i Stiúradh Corparáideach (Gnó Bia) ó UCC. Tá Teastas i Straitéis Gnó aici ó UCD freisin.

Ceapadh í mar ionadaí do Chumann Comhar-Eagraíochtaí na hÉireann ag Teagasc, agus déanann sí cathaoirleacht ar Choiste Comhairleach agus Oideachais Teagasc. Tá sí ina stiúrthóir boird de chuid Chomharchumann Dhroichead na Bandan, agus fónann sí ar bhord Clóna Dairy Products freisin. Tá sí ina comhalta de Mhná sa Talmhaíocht, ar grúpa geallsealbhóirí é. Tá sí ina comhalta de Chomhairle Náisiúnta Chumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann freisin, agus d'fhóin sí ar choiste Gnó Feirme an Chumainn roimhe seo.

## Rúnaíocht do Choimisiún na hÉireann um Aistriú Cóir

Ba mhaith leis an gCoimisiún buíochas a ghabháil lena Rúnaíocht as an tacaíocht agus an rannchuidiú leanúnach uaithi. Is iad Greta Szabo, Michael Keegan, Rónán Stokes agus Conor Reynolds a sholáthraíonn an Rúnaíocht, ag gníomhú dóibh thar ceann na Roinne Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil.

# Brollach ón gCathaoirleach

Ba mhór an onóir dom gur iarradh orm cathaoirleacht a dhéanamh ar Choimisiún na hÉireann um Aistriú Cóir ag am chomh ríthábhachtach sin in aistear na hÉireann i dtreo aeráidneodrachta.

Le blianta beaga anuas, thosaigh Éire ar an mbunchloch a leagan síos i dtreo ligean leis an ngníomhaíocht uaillmhianach a theastaíonn chun cabhrú le todhchaí shábháilte rathúil a áirithiú do chách. Tá Dlí Aeráide againn anois, rud ina gcuirtear sinn ar chonair atá ina ceangal dlí i dtreo aeráidneodracht a bhaint amach tráth nach déanaí ná an bhliain 2050, agus gheallamar laghdú 51% in astaíochtaí i gcomparáid le figiúirí na bliana 2018 a bhaint amach faoi dheireadh na deacáide seo. Tá an spriocdháta sin ag breith go mear orainn anois.

Tar éis dúinn obair ar shaincheisteanna aeráide ar fud cuid mhór réimsí, is údar misnigh dúinn an cheannaireacht atá ag teacht chun cinn anois ar fud na sochaí ar fad mar fhreagairt don ghéarchéim aeráide, agus bíonn na deiseanna agus an gá atá le haistriú uaillmhianach cóir ag éirí níos soiléire i gcónaí.

Mar sin féin, nílimid ar an mbóthar ceart chun ár n-astaíochtaí a laghdú i gcomhréir leis na gealltanais atá ann cheana. Bíonn an cliseadh aeráide ag dul in olcas, agus beidh tionchair an chliste sin le brath ar bhonn níos forleithne agus níos géire ar fud na tíre seo sna blianta atá le teacht. Go deimhin, ba i bhfianaise Stoirm Éowyn a tionóladh cruinnithe tosaigh an Choimisiúin. Léirigh an stoirm ár n-easpa ullmhachta, an gá atá lenár n-athléimneacht a mhéadú go mór, agus na rioscaí méadaitheacha atá roimh na daoine agus na háiteanna atá tábhachtach dúinn, roimh ár bpobail agus roimh ár gcuideachtaí agus, go deimhin, roimh ár saolta agus roimh ár slite beatha anois.

Ní coincheap nua é coincheap an aistrithe chóir. Is coincheap éabhlóideach é, áfach. Is ag am tráthúil a bunaíodh an Coimisiún dá réir sin. Is ag forbairt go mear a bhíonn an comhrá domhanda ar an ngá atá le haistriú cóir, agus is ag teacht chun cinn a bhíonn na noirm maidir le conas is fearr is féidir aghaidh a thabhairt ar aistriú cóir.

Iarrfar níos mó ar shochaí na hÉireann sna blianta atá le teacht. Chun ár n-astaíochtaí a laghdú go mear, chun an seans is fearr is féidir a thabhairt dúinn todhchaí shábháilte a áirithiú, agus chun oiriúnú do thionchair an athraithe aeráide an tráth céanna, beidh orainn na hiarrachtaí atá ar bun cheana a luathú agus cinntí ríthábhachtacha misniúla a dhéanamh mar thír. Cé gurb ollmhór atá na deiseanna a bhaineann le haistriú cóir, beidh comhbhabhtálacha le déanamh, agus beidh sé riachtanach breithniú cúramach réamhghníomhach a dhéanamh ar an teannas idir gluaiseacht chomh tapa agus is gá dúinn anois agus a chinntiú go mbeidh an t-aistriú cothrom.

Tá deis ollmhór againn anois aghaidh a thabhairt ar aistriú cóir mar phróiseas chun tionchair dhiúltacha fhéideartha an aistrithe aeráide a bhainistiú agus mar mhodh chun bonn eolais a chur faoi fhís nua d'Éirinn freisin. Is gá féachaint níos faide ná astaíochtaí a laghdú amháin agus i dtreo ár sochaí agus ár ngeilleagar a bhunathrú ionas go mbláthóidh siad agus, an tráth céanna, riachtanais shóisialta a chomhlíonadh agus teorainneacha pláinéadacha a urramú.

Le linn ár gcuid luathoibre mar Choimisiún, chonacthas go soiléir an dea-thoil agus an cineál comhoibríoch atá ann i measc shochaí na hÉireann ar mhaithe le haistriú cóir a sholáthar do chách. Is léir freisin go bhfuil cuid mhór le déanamh chun an ról ríthábhachtach atá ag aistriú cóir a shainiú, a chur in iúl agus a léiriú ar bhealach níos fearr a mhéid a bhaineann le cothroime agus cothromas a chinntiú agus le ligean leis an roinnt mhaith deiseanna a ghabhann leis. Is ról é sin a bhfuil súil agam go mbeidh an Coimisiún in ann tacú go gníomhach leis.

Tá áthas orm an tuarascáil tosaigh uainn a chur i láthair, rud ina ndéantar machnamh ar an obair agus ar an gcaidreamh a rinneamar i míonna tosaigh an Choimisiúin. Cuireann ár gcuid oibre leis an iarracht agus leis an gcaidreamh fial a rinne cuid mhór daoine, agus ba mhaith liom an deis seo a thapú buíochas a ghabháil le gach duine a thug tacaíocht dúinn inár laethanta tosaigh.

De réir mar a dhéanaimid ár mbealach tríd an tréimhse bhunathraitheach seo, beidh an Coimisiún tiomanta i gcónaí d'idirphlé, tuiscint agus gníomhaíocht a chothú a chinnteoidh nach bhfágfar aon duine ar lár le linn dúinn ár dtodhchaí chomhchoiteann chomhroinnte a mhúnlú.



# Gluais

| | |
|---|---|
| **Buiséad Carbóin** | Le Buiséid Charbóin na hÉireann, soláthraítear uasteorainneacha astaíochtaí earnála cúig bliana atá ina gceangal dlí ar fud an gheilleagair ar fad. Leagtar amach iontu an méid uasta astaíochtaí gás ceaptha teasa is ceadmhach a scaoileadh in earnálacha difriúla den gheilleagar. Ullmhaíonn an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide na Buiséid Charbóin, agus cuirtear iad faoi bhráid an rialtais lena gceadú aige. |
| **Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide** | Tá sé mar aidhm le Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide conair dícharbónaithe a sholáthar suas go dtí an bhliain 2030, ar conair í atá ag teacht le Buiséid Charbóin agus leis an aidhm fhoriomlán atá ann aeráidneodracht a bhaint amach in Éirinn faoin mbliain 2050. |
| **An Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide** | Tá an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide ina comhlacht comhairleach neamhspleách a sholáthraíonn comhairle fhianaisebhunaithe agus moltaí fianaisebhunaithe maidir leis an mbeartas chun tacú le haistriú na hÉireann ina sochaí atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, atá aeráidneodrach agus atá athléimneach in aghaidh an athraithe aeráide. |
| **Géarchéim Aeráide** | Baineann an ghéarchéim aeráide leis na dúshláin chasta shistéamacha a ghabhann leis an athrú aeráide, ar géarchéim shainiúil ár linne é. |
| **Éigeandáil Aeráide** | D'fhógair an rialtas éigeandáil aeráide agus bithéagsúlachta i mí na Bealtaine 2019. Ní raibh Éire ach ar an dara tír a rinne amhlaidh. |
| **Dlí Aeráide** | Is é atá sa Dlí Aeráide ná an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015, agus an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021. |
| **Aeráidneodracht** | Geilleagar agus sochaí inbhuanaithe ina ndéantar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chothromú nó a shárú trí gháis cheaptha teasa a bhaint. Is é an Cuspóir Aeráide Náisiúnta atá ag Éirinn aeráidneodracht a bhaint amach faoin mbliain 2050. |
| **An Comhaontú Glas don Eoraip** | Is ionann an Comhaontú Glas don Eoraip agus straitéis fáis an Aontais Eorpaigh. Is é atá ann pacáiste tionscnamh beartais lena gcuirtear an tAontas ar an gconair i dtreo aistriú glas, ar mhaithe le haeráidneodracht a bhaint amach ar deireadh faoin mbliain 2050. |
| **Ciste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir** | Tá Ciste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir mar chuid de Shásra an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir. Is é príomhchuspóir an Chiste cabhrú leis na críocha a mbeidh an tionchar is mó iontu aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach ar fud an Aontais Eorpaigh.<br><br>In Éirinn, déanfar leis an gCiste soláthar d'infheistíochtaí ab fhiú suas le €169 milliún, a spriocdhíreofar ar aistriú eacnamaíoch na críche ainmnithe (mór-réigiún an Láir Tíre) don tréimhse go dtí an bhliain 2027, chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar a bheidh ag an deireadh le móin a bhaint le haghaidh táirgeadh fuinnimh. |
| **Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa** | Is ionann gáis cheaptha teasa agus grúpa gás a chuireann cosc ar theas éalú isteach sa spás. Mar thoradh air sin, ardaíonn siad teocht dromchla an phláinéid. Rannchuidíonn an méadú ar láithreacht gás ceaptha teasa san atmaisféar de dheasca an duine leis an athrú aeráide antrapaigineach agus leis an téamh domhanda. |

| | |
|---|---|
| **Athléimneacht Chóir** | Cé gur minic a fhéachtar ar aistriú cóir mar choincheap a bhaineann leis an athrú aeráide a mhaolú, is féidir tuairisc a thabhairt air mar chreat coincheapúil a bhfuil mar aidhm leis beartais chóra chothromasacha agus bearta córa cothromasacha um oiriúnú don athrú aeráide a bhrú chun cinn. |
| **An Creat um Prionsabail an Aistrithe Chóir** | Tá ceithre phrionsabal sa Chreat um Prionsabail an Aistrithe Chóir:<br>1. Cur chuige comhtháite, struchtúrtha agus fianaisebhunaithe chun ár bhfreagairt do riachtanais aistrithe chóir a shainaithint agus a phleanáil;<br>2. Tá na scileanna cearta ag daoine chun bheith in ann páirt a ghlacadh sa gheilleagar astaíochtaí nialasacha amach anseo agus leas a bhaint as;<br>3. Comhroinntear na costais sa chaoi is go mbeidh an tionchar cothrom agus nach ngéarófar ar na neamhionannais reatha; agus<br>4. Idirphlé sóisialta chun a chinntiú go gcumhachtófar saoránaigh agus pobail a mbeidh tionchar orthu agus go mbeidh siad lárnach don phróiseas aistrithe. |
| **An Tascfhórsa um Aistriú Cóir** | Bhí an Tascfhórsa um Aistriú Cóir gníomhach idir mí Mheán Fómhair 2023 agus mí Feabhra 2024. Bunaíodh é ar aon dul le gealltanais an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 chun comhdhearcadh a chothú ar chur chuige comhaontaithe i leith Coimisiún um Aistriú Cóir a bhunú agus chun comhairle a thabhairt don Aire agus don rialtas maidir le sainordú, comhaltas agus struchtúr an Choimisiúin. |
| **Cuspóir Aeráide Náisiúnta** | Mar atá leagtha amach i nDlí Aeráide na hÉireann, ar mhaithe le tuilleadh téimh dhomhanda a laghdú, déanfaidh an Stát an t-aistriú chuig geilleagar atá athléimneach in aghaidh an athraithe aeráide, atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus atá aeráidneodrach a shaothrú agus a bhaint amach tráth nach déanaí ná deireadh na bliana 2050. |
| **An tIdirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide** | Is é an tIdirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide an príomhfhóram le haghaidh caidreamh a dhéanamh leis an bpobal maidir le gníomhú ar son na haeráide. Is é atá ann ná Comhráite faoin Aeráid, an Fóram Náisiúnta Geallsealbhóirí Aeráide agus an Tionól Óige Náisiúnta um an Aeráid. |
| **Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta** | Le Comhaontú Pháras, iarrtar ar gach tír a gníomhartha aeráide do na blianta tar éis 2020 a leagan amach agus a chur in iúl, ar gníomhartha iad dá ngairtear a Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta. Cuirtear Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta faoi bhráid rúnaíocht Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide gach cúig bliana, agus is é atá iontu na hiarrachtaí atá déanta ag gach tír chun astaíochtaí náisiúnta a laghdú agus chun oiriúnú do thionchair an athraithe aeráide. |
| **Comhaontú Pháras** | Conradh idirnáisiúnta atá ina cheangal dlí chun an t-athrú aeráide a chomhrac is ea Comhaontú Pháras. Glacadh sa bhliain 2015 é. Is é an phríomhsprioc atá aige an téamh domhanda a theorannú go figiúr atá go mór faoi bhun 2 chéim Celsius os cionn leibhéil réamhthionsclaíocha, agus ardaidhm eile ann an méadú a theorannú go 1.5 céim. |
| **Cásanna WEM agus WAM** | Agus é á úsáid ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i réamh-mheastachán astaíochtaí, is ionann WEM (Le Bearta Reatha) agus réamh-mheastachán ar astaíochtaí amach anseo atá bunaithe ar na bearta atá á gcur chun feidhme ag an rialtas agus ar na gníomhartha atá geallta aige faoi láthair. Is ionann cás WAM (Le Bearta Breise) agus réamh-mheastachán ar astaíochtaí amach anseo atá bunaithe ar na bearta atá leagtha amach sna pleananna is déanaí ón rialtas tráth a tiomsaíodh an réamh-mheastachán. |

# Príomh-Mholtaí

## Moladh 1

**Molann an Coimisiún go gcruthódh an rialtas straitéis ina mínítear an fhís atá aige le haghaidh aistriú cóir chuig geilleagar aeráidneodrach.**

Tá cur chuige straitéiseach ag teastáil chun aistriú cóir a chur i gcroílár an ghníomhaithe ar son na haeráide agus chun dul níos faide ná aistrithe fuinnimh, cineálacha scoite nó frithghníomhacha cur chuige, agus gnó mar is gnách. Sa straitéis sin, ba cheart sainaithint a dhéanamh ar na daoine is mó atá i mbaol, agus ba cheart a léiriú conas a rachaidh an t-aistriú chun tairbhe don tsochaí, go háirithe na daoine is mó a ndéantar difear dóibh.

## Moladh 2

**Treisiú leis an struchtúr rialachais agus leis na bunspriocanna inghnóthaithe a bhaineann le pleanáil aistrithe chóir i ngníomhú ar son na haeráide.**

Chun tacú le cur chun feidhme an Chreata um Prionsabail an Aistrithe Chóir, agus chun a thaispeáint gur cuid dhílis den bheartas aeráide é, is gá go n-éireodh aistriú cóir ina chomhpháirt níos comhtháite den timthriall bliantúil rialachais aeráide. Molann an Coimisiún spriocanna aistrithe chóir a shuí taobh le gníomhartha earnálacha chun iarrachtaí náisiúnta agus áitiúla a threorú agus chun dul chun cinn i dtreo geilleagar aeráidneodrach a rianú.

## Moladh 3

**Táscairí Aistrithe Chóir a bhunú chun tacú le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar ár ndul chun cinn i dtreo aistriú cóir, áit a dtugtar aird ar na daoine a ndéanann an t-aistriú an difear is mó dóibh agus ar na daoine is leochailí i leith an aistrithe.**

Is féidir le struchtúr láidir rialachais, a bhféadfadh tacaíocht ón gCoimisiún a bheith i gceist leis, úinéireacht, trédhearcacht agus cuntasacht a chinntiú i leith chur chun feidhme na dtáscairí sin.

## Moladh 4

**Tuiscint a chothú ar na leochaileachtaí a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide.**

Chun a chinntiú nach ndéanfar dearmad orthu, is gá grúpaí leochaileacha a shainaithint, ní amháin trí mhórchatagóirí eacnamaíocha, ach trí leochaileachtaí earnáilsonracha agus geografacha agus trasnachas a bhreithniú freisin.

## Moladh 5

**Na sonraí atá ar fáil a léarscáiliú agus a athbhreithniú agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i mbailiú sonraí tábhachtacha aistrithe chóir trí iarrachtaí comhoibríocha faireacháin.**

Cuireann an easpa sonraí láidre bac ar an gcumas atá ann measúnuithe tionchair atá fiúntach agus fianaisebhunaithe a dhéanamh ar fud earnálacha agus ar na daoine is mó a ndéantar difear dóibh a shainaithint.

## Moladh 6

**Feabhas a chur ar an Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide a mhéid a bhaineann le hinrochtaineacht, inacmhainneacht, cuntasacht, agus úsáid fionnachtana.**

Chun a chinntiú go dtabharfar aird ar na daoine is leochailí, go dtabharfar aghaidh ar bhunchúiseanna agus go gcuirfear guth na gcohórt lena mbaineann san áireamh sa bheartas aeráide amach anseo tríd an gcuspóir foriomlán, trí na hionchuir agus na haschuir fhoriomlána agus trí na modhanna foriomlána caidrimh a bhaineann leis an Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide.

## Moladh 7

**Aistriú cóir a chomhtháthú isteach sna teachtaireachtaí agus na cumarsáidí uile a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide.**

Ba cheart do gach roinn rialtais obair go réamhghníomhach chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Tuiscint níos fearr a ghnóthú ar an bhfeasacht agus na léirmhínithe reatha ar aistriú cóir ar fud na sochaí.
- Teachtaireachtaí aistrithe chóir a chomhtháthú isteach sna cumarsáidí uile a bhaineann leis an aeráid.
- Treoracha praiticiúla agus tacair phraiticiúla uirlisí a chruthú chun cabhrú le pobail, gnólachtaí agus geallsealbhóirí eile an ról atá acu a thuiscint.
- Úsáid a bhaint as teanga chuimsitheach inrochtana a théann i bhfeidhm ar spriocphobail éagsúla agus a léiríonn a dtaithí fíorshaoil.
- Bealaí fiúntacha a thairiscint inar féidir cluinstin faoi thaithí fíorshaoil daoine agus í a thuiscint.

# Clár Ábhar


An Coimisiún um Aistriú Cóir 1

Brollach ón gCathaoirleach 5

Gluais 6

Príomh-Mholtaí 8

1. Réamhrá: An Dóigh a bhfuil a Cur Chuige i leith Aistriú Cóir á Mhúnlú ag Éirinn 11

 1.1 An cur chuige atá ann cheana i leith aistriú cóir a chomhtháthú isteach sa bheartas aeráide 12

 1.2 Tosca earnála 13

 1.3 Tosca idirnáisiúnta 13

 1.4 Aistriú cóir sa chleachtas: ceachtanna ón lár tíre 14

 1.5 Ról an Choimisiúin um Aistriú Cóir 14

2. Sainordú agus Modhanna Oibre an Choimisiúin 17

 2.1. Clár oibre 17

 2.2. Fís 18

 2.3. Prionsabail 19

3. Machnaimh agus Moltaí Tosaigh 21

 3.1 Cad is brí le haistriú cóir anseo? 21

 *Moladh 1: Molann an Coimisiún go gcruthódh an rialtas straitéis ina mínítear an fhís atá aige le haghaidh aistriú cóir chuig geilleagar aeráidneodrach.* 24

 3.2. Conas is féidir linn a chinntiú go bhfuil na córais chuí i bhfeidhm chun aistriú aeráide cothrom a sholáthar? 24

 *Moladh 2: Treisiú leis an struchtúr rialachais agus leis na bunspriocanna inghnóthaithe a bhaineann le pleanáil aistrithe chóir i ngníomhú ar son na haeráide.* 25

 3.3. Conas is féidir linn dul chun cinn a rianú agus a chinntiú go mbíonn aistriú cóir á dhéanamh i ndáiríre? 25

 *Moladh 3: Táscairí Aistrithe Chóir a bhunú chun tacú le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar ár ndul chun cinn i dtreo aistriú cóir, áit a dtugtar aird ar na daoine a ndéanann an t-aistriú an difear is mó dóibh agus ar na daoine is leochailí i leith an aistrithe.* 26

 *Moladh 4: Tuiscint a chothú ar na leochaileachtaí a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide.* 26

 *Moladh 5: Na sonraí atá ar fáil a léarscáiliú agus a athbhreithniú agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i mbailiú sonraí tábhachtacha aistrithe chóir trí iarrachtaí comhoibríocha faireacháin.* 27

 3.4. Conas is féidir linn caidreamh agus cumarsáid a fheabhsú chun tacú le haistriú cóir? 27

 *Moladh 6: Feabhas a chur ar an Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide a mhéid a bhaineann le hinrochtaineacht, inacmhainneacht, cuntasacht, agus úsáid fionnachtana.* 28

 *Moladh 7: Aistriú cóir a chomhtháthú isteach sna teachtaireachtaí agus na cumarsáidí uile a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide.* 29

4. Todhchaí na hÉireann a Mhúnlú le Chéile: Aistriú Cóir do Chách 31

Aguisín 1 - Téarmaí Tagartha - An Coimisiún um Aistriú Cóir 32

# 1. Réamhrá: An Dóigh a bhfuil a Cur Chuige i leith Aistriú Cóir á Mhúnlú ag Éirinn

Is uair chinniúnach é seo in aistear na hÉireann i dtreo aeráidneodrachta, agus tá deis gan fasach le tapú aici.

**Trí chothroime agus cuimsiú a chur i gcroílár an cheaptha beartais aeráide, creideann an Coimisiún gur féidir le hÉirinn dúshláin a shárú agus, an tráth céanna, tacaíocht láidir a thógáil i measc an phobail agus ligean le lánacmhainneacht an aistrithe aeráide.**

Bíonn an ghéarchéim aeráide ag dul in olcas, agus tionchair á mbrath i ngach cuid den tsochaí cheana féin. Bhí an bhliain 2024 ar an gceathrú bliain is teo riamh in Éirinn, agus é sin ag teacht sna sála ar na teochtaí rí-arda a bhí ann sa bhliain 2023. De réir mar a ardaíonn an teocht, méadóidh an dóchúlacht go mbeidh eachtraí adhaimsire againn. Léiríonn sé sin an gá práinneach atá le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus le hullmhú d'éifeachtaí an athraithe aeráide.[1]

Chun na teorainneacha ar astaíochtaí atá ina gceangal dlí ar Éirinn a bhaint amach, mar atá mionsonraithe i mbuiséid charbóin ar chomhaontaigh an rialtas iad agus ar cheadaigh Tithe an Oireachtais iad, is gá bunathrú uaillmhianach a dhéanamh ar fud na sochaí. Rachaidh na hathruithe sin i bhfeidhm ar gach gné den saol laethúil, go háirithe ar na daoine is leochailí. Tríd an gceannaireacht cheart a léiriú, áfach, is féidir leo deiseanna nua níos cothroime a chruthú freisin.

I bhfianaise na ndúshlán a bhaineann le costais mhéadaitheacha mhaireachtála, tá sé in am anois a chinntiú go dtabharfar daoine anuas mar thoradh ar ghníomhú ar son na haeráide, seachas iad a fhágáil ar lár.

1 Met Éireann, Ireland's and Global Climate 2024 (2025): https:// www. met.ie/irelands-and-global-climate-2024#:~:text=The%20 black%20 line%20is%20a,ever%20recorded%2C%20which%20 was%202023.

Athdhearbhaítear sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025 na príomhghealltanais aeráide a thug Éire astaíochtaí a laghdú faoi 51% faoin mbliain 2030 agus aeráidneodracht a bhaint amach faoin mbliain 2050, agus tá roinnt léirithe ann ar dhul chun cinn ina leith sin – tháinig laghdú 7% ar astaíochtaí sa bhliain 2023, is le fuinneamh gaoithe anois a ghintear thart ar 40% den leictreachas a úsáidimid, agus bíonn breis agus 1,000 teach á n-iarfheistiú gach seachtain[2].

Is ag leathnú, áfach, atá an bhearna idir an riocht atá orainn faoi láthair agus an riocht is gá a bheith orainn. Measann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faoi láthair nach mbeidh ach laghdú 23% ann ar astaíochtaí faoin mbliain 2030. Is lú i bhfad an figiúr sin ná an sprioc atá againn, fiú amháin faoin gcás WAM (Le Bearta Breise)[3]. Ní mheasann sí nach mbeidh ach laghdú 9% ann ar astaíochtaí bunaithe ar bhearta reatha.

Bheadh iarmhairtí tromchúiseacha ann d'Éirinn dá gcaillfeadh sí spriocanna nó dá sáródh sí teorainneacha aeráide, agus d'fhéadfadh mórthionchar suntasach a bheith aige sin[4]. Rachadh aon tionchar den sórt sin i bhfad ní b'fhaide ná ualaí airgeadais amháin, áfach. Dá dtitfeadh Éire ar gcúl, d'fhéadfadh athruithe fisiciúla fadtéarmacha a bheith ann, agus dúshláin agus éiginnteachtaí á gcruthú ar fud na réimsí uile den tsochaí dá dheasca sin. Mar sin féin, tá deis ollmhór againn faoi láthair borradh a chur faoinár gcuid iarrachtaí chun an bhearna a dhúnadh agus chun a chinntiú go mbeidh aistriú cóir i gcroílár ár bhfreagartha aeráide.

2 An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025 atá ceadaithe ag an rialtas (2025): https:// www.gov.ie/en/department-of-the-environment-climate-and- communications/publications/climate-action-plan-2025/

3 An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Ireland's Greenhouse Gas Emissions Projections 2024-2055 (2025): https://www.epa. ie/publications/monitoring--assessment/climate-change/air- emissions/EPA-GHG-Projections-Report-2024-2055-May25.pdf

4 Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann agus an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide, A colossal missed opportunity (2025): https://www.fiscalcouncil. ie/a-colossal-missed-opportunity/



Comhtháite, Struchtúrtha agus Fianaisebhunaithe | Na Scileanna Cearta | Costais Chomhroinnte | Idirphlé Sóisialta

Na Colúin de Phrionsabail an Chreata um Aistriú Cóir

**Ní hé amháin gur riachtanas morálta é aistriú cóir, is riachtanas straitéiseach é freisin. Cuireann sé ar chumas na tíre réitigh bhuana chuimsitheacha a dhearadh a thugann cosaint d'oibrithe, a thacaíonn le grúpaí leochaileacha agus a áirithíonn todhchaí inchónaithe níos sláintiúla.**

Is féidir le haistriú cóir a chinntiú gurb é an toradh a bheidh ar an aistriú aeráide ná pobail a neartú, na daoine is mó atá i mbaol a chosaint agus athléimneacht a thógáil ar fud na sochaí.

Léirítear i dtaighde le déanaí an tacaíocht láidir leanúnach atá ann i measc an phobail do ghníomhú uaillmhianach ar son na haeráide ar fud na hÉireann, ar fud réigiúin dhifriúla agus ar fud céimeanna difriúla saoil[5]. Tugann sé sin deis iontach chun pobail a spreagadh agus a chumhachtú an t-aistriú a mhúnlú agus a threorú agus tairbhiú de.

Trí chur chuige aistrithe chóir a ghlacadh i leith gníomhú ar son na haeráide, tá deis uathúil againn réitigh aeráide a sholáthar a laghdaíonn astaíochtaí agus a chuireann feabhas ar shaolta freisin, trí phoist níos fearr, tithe níos teo, aer níos glaine agus sochaí níos athléimní a chruthú. In éagmais tiomantas níos láidre agus straitéis níos soiléire a bheith ann le haghaidh aistriú cóir, áfach, tiocfaidh méadú i gcónaí ar an dóchúlacht go dtarlóidh aistriú éagórach in Éirinn.

## 1.1 An cur chuige atá ann cheana i leith aistriú cóir a chomhtháthú isteach sa bheartas aeráide

Aithníonn an Coimisiún na creataí reachtúla agus beartais measartha forbartha atá i bhfeidhm cheana féin chun tacú le haistriú cóir.

Leis an Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, tugtar sainordú don rialtas aird a bheith aige ar an ngá atá le haistriú cóir a dhéanamh chuig geilleagar aeráidneodrach ina ndéantar dianiarracht, a mhéid is indéanta, deiseanna fostaíochta a uasmhéadú agus tacú le daoine agus le pobail a bhféadfadh go mbeadh éifeacht dhiúltach ag an aistriú orthu[6].

I bPleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide as a chéile, ó Phlean 2021[7] i leith, leagadh síos Creat um Prionsabail an Aistrithe Chóir atá ag teacht le caighdeáin idirnáisiúnta agus le caighdeáin an Aontais Eorpaigh. Leis an gCreat sin, ceanglaítear ar Airí den rialtas prionsabail amhail cinnteoireacht fhianaisebhunaithe a chomhtháthú agus a chinntiú go mbeidh ag daoine na scileanna a theastaíonn chun tairbhiú de dheiseanna amach anseo, go gcomhroinnfear costais an aistrithe ar fud na sochaí ar bhealach cothrom, agus go gcothófar idirphlé agus comhairliúchán leis an bpobal[8].

5 An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Climate Change in Irish Minds Wave 2 Report 1 (2024): https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/climate-change/climate-change-in-the-irish-mind- insight-report-wave-2-no-1-life-stage.php

6 Leabhar Reachtanna na hÉireann, An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 (2021): https://www.irishstatutebook.ie/ eli/2021/act/32/enacted/en/html

7 Rialtas na hÉireann, Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021 (2021) Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021

8 Tá gníomhartha aistrithe chóir a bhaineann leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025 ar fáil ag gov.ie

Cé gur dearfach an rud é go bhfuil an Creat um Prionsabail an Aistrithe Chóir i bhfeidhm, tugann an Coimisiún faoi deara nach bhfuil aon tuiscint ann go fóill ar cé chomh héifeachtach agus atá an cur chuige sin maidir le torthaí níos fearr a bhaint amach do dhaoine ná ar cé chomh maith agus a comhtháthaíodh na prionsabail isteach i ndearadh na mbeartas iomchuí agus i soláthar na mbeartas sin araon. Tá sé ríthábhachtach aistriú cóir a leabú ar bhealach níos straitéisí isteach i gceapadh beartais ar mhaithe le gníomhú ar son na haeráide atá cuimsitheach, cothrom agus inbhuanaithe a sholáthar. Fillfidh an Coimisiún ar an tsaincheist thábhachtach sin i bhfoilseacháin amach anseo.

Chomh maith leis sin, aithníonn an Coimisiún na hiarrachtaí atá ann cheana agus atá ar bun ag grúpaí éagsúla maidir le fianaise agus moltaí a sholáthar ar féidir leo cabhrú le cur chuige na hÉireann i leith aistriú cóir a mhúnlú agus a chabhraigh le bonn eolais a chur faoi na luathfhiosruithe a rinne an Coimisiún, lenar áiríodh iad sin a bhaineann leis an gComhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide, leis an gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta, leis an Tionól Óige Náisiúnta um an Aeráid agus le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

## 1.2 Tosca earnála

Maidir leis an gcur chuige aistrithe chóir i leith earnálacha difriúla ar fud na hÉireann, is ag luathchéim atá cur chun feidhme na bprionsabal agus, i dtuairim an Choimisiúin, níl siad comhtháite go hiomlán isteach sa phróiseas ceapadh beartais aeráide go fóill. Fáiltíonn an Coimisiún roimh na pleananna, atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025, chun cur i bhfeidhm agus comhtháthú an Chreata um Prionsabail an Aistrithe Chóir a neartú, agus tá sé ag tnúth leis an obair a dhéanfaidh na Ranna iomchuí ina leith sin sa bhliain atá le teacht a anailísiú agus a chothú.

## 1.3 Tosca idirnáisiúnta

Bunaíodh Coimisiún na hÉireann ag am tábhachtach, tráth a bhíonn tuilleadh aire á tabhairt i gcónaí d'aistriú cóir ar fud an domhain. Tugann sé sin deis luachmhar chun ceannaireacht agus tiomantas na hÉireann sa réimse ríthábhachtach seo a léiriú.

Aithníonn an Coimisiún go bhfuil aistriú cóir ina phrionsabal lárnach den Chomhaontú Glas don Eoraip agus de Chomhaontú Pháras go fóill. Cé gur cuireadh cineálacha cur chuige in oiriúint do chomhthéacs socheacnamaíoch gach tíre, tá uaillmhian mhéadaitheach ann dea-chleachtais a mhalartú agus aird a tharraingt ar thairbhí comhroinnte, lena n-áirítear trí thionscnaimh amhail an Fhaireachlann bheartaithe um Aistriú Cóir de chuid an Aontais Eorpaigh[9].

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, cuirfear Rannchuidithe athnuaite arna gCinneadh go Náisiúnta faoi Chomhaontú Pháras isteach i mbliana, agus ionchas méadaitheach ann go gcomhtháthófar aistriú cóir isteach sna pleananna náisiúnta sin. Amhail mí Aibreáin 2025, chuir 66 thír coincheapa aistrithe chóir ar áireamh go sainráite sna Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta uathu. Is méadú é sin ar thír amháin (an Afraic Theas) a rinne amhlaidh sa bhliain 2015[10].

Tá an Coimisiún ag tnúth freisin le comhoibriú lenár gcomhghleacaithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear an Coimisiún um Aistriú Cóir atá beartaithe i dTuaisceart Éireann, ar mhaithe le hiniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna atá ann obair i gcomhar ar bhonn uile-oileáin.

9 An Coimisiún Eorpach, An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan: Treochlár comhpháirteach don iomaíochas agus don dícharbónú (2025): https:// commission.europa.eu/document/download/9db1c5c8-9e82- 467b-ab6a-905feeb4b6b0_en

10 Institiúid Acmhainní an Domhain, What is a 'Just Transition', and are countries really making progress? (2025): https://www.wri.org/ insights/what-is-just-transition-tracking-progress?utm_%20campaign=socialmedia&utm_source=linkedin&utm_%20medium=world+resources+institute

## 1.4 Aistriú cóir sa chleachtas: ceachtanna ón lár tíre

Eispéireas na hÉireann le móinstáisiúin chumhachta a dhúnadh agus le deireadh a chur le baint tráchtála móna sa Lár Tíre, tugann sé ceachtanna tábhachtacha dúinn maidir le conas aistriú cóir a chur i bhfeidhm sa chleachtas.

Aithníonn an Coimisiún gur díríodh acmhainní suntasacha ar thacaíocht a thabhairt do na pobail a ndéantar difear dóibh, lena n-áirítear trí thionscnaimh thábhachtacha amhail an Ciste Náisiúnta um Aistriú Cóir, Clár Iarfheistithe an Láir Tíre, an Scéim Fheabhsaithe um Dhíchoimisiúnú, Athshlánú agus Athchóiriú do thailte móna Bhord na Móna, agus Clár Chiste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir. Tá sé mar aidhm leis na hiarrachtaí sin cabhrú le hoibrithe a athoiliúint, poist nua a chruthú a bheidh ailínithe le gníomhú ar son na haeráide, agus tacú le móraistriú eacnamaíoch an réigiúin.

Cé go bhfuil infheistíocht á déanamh sa lár tíre, tá sé róluath go fóill tionchar na hinfheistíochta sin a mheasúnú go hiomlán. Tá an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil ag déanamh athbhreithniú ar an gCiste Náisiúnta um Aistriú Cóir faoi láthair, agus táthar ag súil leis go n-eiseofar na fionnachtana níos déanaí sa bhliain 2025.

Cé go n-aithníonn sé na hiarrachtaí a rinneadh chun aistriú cóir a chur ar aghaidh sa Lár Tíre, tugann an Coimisiún faoi deara gur féidir ceachtanna tábhachtacha a fhoghlaim uathu.

Ós rud é gur tar éis a chinneadh scor de bhaint móna a tugadh tionscnamh an rialtais um aistriú cóir isteach, ba bheart frithghníomhach, seachas beart réamhghníomhach, a bhí ann. Cuireann sé sin teorainn leis an ról atá aige suaitheadh a laghdú agus tionchair a mhaolú ar oibrithe, ar theaghlaigh agus ar phobail.

---

**Chun aistriú cóir fiúntach a bhaint amach, creideann an Coimisiún go dteastaíonn caidreamh agus idirphlé stát-treoraithe tamall maith sula ndéantar aon chinntí as a dtiocfaidh athruithe suntasacha.**

---

Chun an cur chuige sin a shaothrú, teastaíonn aitheantas polaitiúil tráthúil ar leibhéal an bhunathraithe a bheidh ag teastáil ar fud na sochaí agus na n-earnálacha, mar aon le gealltanas á rá go gcuirfidh an stát acmhainní ar fáil chun an t-aistriú a thionscnamh, a threorú agus a chothú.

Tá an Coimisiún ag tnúth le hanailís a dhéanamh ar an meastóireacht ar an gCiste Náisiúnta um Aistriú Cóir, toisc go mbeidh tábhacht ag baint le fionnachtana na meastóireachta maidir le bonn eolais a chur faoi iarrachtaí aistrithe chóir ar fud na hÉireann amach anseo agus maidir leis na hiarrachtaí sin a threorú.

## 1.5 Ról Choimisiún na hÉireann um Aistriú Cóir

Tá géarghá ann le fís nua le haghaidh gníomhú ar son na haeráide in Éirinn, ar fís í atá cothrom, cuimsitheach agus sách uaillmhianach. Tá súil ag an gCoimisiún guth úr cuiditheach a chur leis an gcomhrá náisiúnta sin, ar guth é atá bunaithe ar chothroime, ar mheas agus ar thuiscint shoiléir ar na dúshláin atá le sárú againn agus ar na deiseanna atá le tapú againn araon.

Chuir an rialtas de chúram ar an gCoimisiún clár oibre uaillmhianach a sholáthar, mar aon lena chinntiú, trínár gcuid anailíse, caidrimh agus moltaí, go léireoimid agus go neartóimid guth an phobail maidir le haistriú cóir[11].

Céim shuntasach chun cinn is ea bunú an Choimisiúin seo, rud a léiríonn go soiléir a thiomanta atá Éire do phrionsabail an aistrithe chóir a leabú isteach i gcroílár an ghníomhaithe ar son na haeráide.

De réir mar a thosaíonn an Coimisiún ar an aistear sin, tugtar sa tuarascáil tosaigh seo léargas ar mhisean agus treoirphrionsabail an chéad Choimisiúin um Aistriú Cóir riamh in Éirinn. Comhroinntear inti freisin ár luathmhachnaimh ar an seasamh atá ag aistriú cóir laistigh den bheartas aeráide faoi láthair agus ar an acmhainneacht ollmhór atá aige todhchaí níos cothroime agus níos athléimní a mhúnlú do chách.

11 Téarmaí Tagartha an Choimisiúin um Aistriú Cóir (2024): https://assets.gov.ie/static/documents/just-transition-commission-terms-of-reference-c1ec21d9-51ef-442a-bbf2-c4061c50e7ff.pdf


I bhfianaise na ndúshlán a bhaineann le costais mhéadaitheacha mhaireachtála, tá sé in am anois a chinntiú go dtabharfar daoine anuas mar thoradh ar ghníomhú ar son na haeráide, seachas iad a fhágáil ar lár.

# 2. Sainordú agus Modhanna Oibre an Choimisiúin

Chuir an rialtas de chúram ar an gCoimisiún clár oibre uaillmhianach éifeachtach a sholáthar ar feadh an téarma trí bliana atá aige chun tacú le haistriú cóir cuimsitheach chuig sochaí atá aeráidneodrach agus atá athléimneach in aghaidh an athraithe aeráide[12].

## 2.1. Clár oibre

Chuir an rialtas de chúram ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh ar cheithre mhór-réimse chun comhairle a thabhairt agus moltaí a dhéanamh ina leith:



1. Anailís ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann ar fhórsa saothair na hÉireann, agus na himpleachtaí beartais a d'fhéadfadh a bheith ann, mar gheall ar an gcuspóir aeráide náisiúnta reachtúil don bhliain 2050 a bhaint amach; lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar na himpleachtaí foriomlána a d'fhéadfadh a bheith ann don fhostaíocht, ar na hearnálacha den gheilleagar a bhféadfadh go n-imreofaí an drochthionchar is mó orthu, agus ar na hearnálacha ar dóigh dóibh fás suntasach fostaíochta a fheiceáil sna blianta fada atá le teacht; agus scrúdú ar dháileadh geografach na dtionchar sin.



2. Measúnú ar a mhéid atá beartais um ghníomhú ar son na haeráide ag teacht le prionsabail an Chreata um Aistriú Cóir ó Éirinn, agus aird á tabhairt ar an gcreat beartais agus na huasteorainneacha astaíochtaí earnála atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, agus comhairle maidir le haon deiseanna atá ann treisiú leis na prionsabail féin agus leis an dóigh a gcuirtear na prionsabail i bhfeidhm i mbeartais earnála.



3. Comhairle maidir le treisiú leis na gnéithe áitiúla agus pobail d'aistriú cóir agus maidir le treisiú leis an gcaidreamh a dhéantar le cohóirt leochaileacha i leith ghníomhaíochtaí caidrimh na hÉireann maidir leis an aeráid, go háirithe an tIdirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus idirphléití earnála.



4. Moltaí maidir le tacar táscairí aistrithe chóir chun tacú leis an dul chun cinn a dhéanfar le himeacht ama maidir le haistriú cóir a bhaint amach a thomhas.

12 Tá Téarmaí Tagartha iomlána an Choimisiúin leagtha amach in Aguisín 1

Déanann comhaltaí tiomanta éagsúla an Choimisiúin ionadaíocht do raon leathan guthanna agus cineálacha saineolais, agus aird á tabhairt acu ar roinnt prionsabal le linn dóibh a gcuid oibre a chur i gcrích.

**Mar gheall ar an ngá práinneach atá le réitigh chruthaitheacha nuálacha, tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún gabháil do smaointeoireacht úr agus cur chuige machnamhach cuiditheach a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin.**

## 2.2. Fís

Is é an fhís atá ag an gCoimisiún tacú le haistriú cothrom cuimsitheach chuig Éirinn "atá athléimneach in aghaidh an athraithe aeráide, atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus atá aeráidneodrach" "tráth nach déanaí ná deireadh na bliana 2050". Is é sin an "cuspóir aeráide náisiúnta" atá san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2021, agus is féidir leis a bheith mar bhunchloch do thodhchaí níos fearr do chách, áit nach bhfágfar aon duine ar lár.

*"Ar mhaithe le tuilleadh téimh dhomhanda a laghdú, déanfaidh an Stát an t-aistriú chuig geilleagar atá athléimneach in aghaidh an athraithe aeráide, atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus atá aeráidneodrach a shaothrú agus a bhaint amach tráth nach déanaí ná deireadh na bliana 2050"*

*(Alt 5 den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021)*

## 2.3. Prionsabail

Chun an sainordú atá aige a chomhlíonadh go héifeachtach, agus chun freagairt go héifeachtach do na castachtaí agus na deiseanna a bhaineann le haistriú cóir, beidh na prionsabail seo a leanas mar threoir ag an gCoimisiún maidir leis an dóigh a n-oibreoidh sé:

### *Neamhspleáchas*

Soláthróidh an Coimisiún comhairle straitéiseach fhianaisebhunaithe agus moltaí straitéiseacha fianaisebhunaithe, **ar mhodh neamhspleách neamhchlaon**.

### *Caidreamh Cuimsitheach Trédhearcach*

Cé go dtugann an Coimisiún grúpa leathan éagsúil comhaltaí le chéile, aithnímid go bhfuil guthanna agus dearcthaí tábhachtacha in easnamh go fóill. Tá rún daingean ag an gCoimisiún **guthanna agus dearcthaí atá faoi thearcionadaíocht a lorg agus a chur in iúl go gníomhach**, a bheith **trédhearcach, oscailte agus inrochtana** i gcónaí ar fud na gcéimeanna uile dár gcuid oibre, agus **tathant a dhéanamh ar son cineálacha cuimsitheacha cur chuige** a ghlacadh le linn an beartas aeráide a fhorbairt.

### *Éisteacht le Daoine a bhfuil Taithí Fíorshaoil acu*

Déanann an Coimisiún dianiarracht an chomhairle agus na moltaí uaidh a bhunú ar **thaithí fíorshaoil na ndaoine is leochailí** i leith thionchair shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil an aistrithe aeráide agus an chliste aeráide. Agus é sin á dhéanamh aige, ní hé amháin go bhféachann an Coimisiún le feidhmiú mar **ghuth poiblí ar son aistriú cóir**, ach féachann sé le feidhmiú mar **éisteoir poiblí** freisin, agus é ag foghlaim go díreach uathu sin atá ar thúslíne an athraithe.

### *Aghaidh a Thabhairt ar an Maolú agus ar an Oiriúnú Araon*

Aithníonn an Coimisiún an **ceangal domhain idir gníomhú ar son na haeráide agus aistriú cóir**. Tuigeann sé an tráth céanna na **dúshláin shainiúla** a bhaineann leis an maolú agus leis an oiriúnú. Scrúdóimid saincheisteanna aistrithe chóir sa dá chomhthéacs, agus sinn ag cinntiú go mbeidh beartais ag teacht le scóip iomlán na dtionchar aeráide.

### *Cur lena bhfuil ann cheana*

Chun an tionchar is mó is féidir a bhaint amach agus chun dúbláil a sheachaint, **cuirfidh an Coimisiún leis an taighde, na sonraí agus na tionscnaimh atá ann cheana**. Ar an tslí sin, comhlánóidh sé na hiarrachtaí atá ar bun, seachas iad a athdhéanamh.

### *Aird a Tharraingt ar Dhúshláin agus ar Dheiseanna*

Tá rún daingean ag an gCoimisiún sainaithint a dhéanamh, agus aghaidh a thabhairt, ar na **bacainní atá ar aistriú cóir a bhaint amach**. Tá rún daingean aige freisin **samplaí dearfacha** ó gach cuid d'Éirinn agus ó áiteanna thar lear a chur in iúl. Agus scéalta ratha á gcomhroinnt againn, féachaimid le misneach, comhoibriú agus nuálaíocht a spreagadh maidir le haghaidh a thabhairt ar an aistriú.



# 3. Machnaimh agus Moltaí Tosaigh

Chuir an Coimisiún tús lena chuid oibre trí mhachnamh a dhéanamh ar thírdhreach reatha an aistrithe chóir in Éirinn. Cé go bhfuil tuiscint mhéadaitheach againn ar a bhfuil le déanamh chun ár spriocanna aeráide a bhaint amach, cabhraíonn coincheap an aistrithe chóir lena shainiú cén dóigh a mbainfimid amach iad, trí bhreithniú a dhéanamh ar na tionchair fíorshaoil a imríonn cinntí ar dhaoine, ar áiteanna, ar phobail agus ar shlite beatha.

Ní tharlóidh aistriú cóir leis féin. Ní mór é a phleanáil, a chothú agus a leabú ar fud gach réimse de ghníomhú ar son na haeráide. Nuair a dhéantar go maith é, is cumasóir cumhachtach an athraithe é aistriú cóir, agus cabhraíonn sé le bunathrú níos cothroime, níos tapa agus níos buaine a bhrú chun cinn.

**In éagmais gníomhaíocht bheartaithe, tá fíorbhaol ann gurb é an toradh a bheidh ar an aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach ná go ndoimhneofar neamhionannais atá ann cheana, go bhfágfar roinnt pobal ar lár, agus go lagófar tacaíocht an phobail do ghníomhú ar son na haeráide.**

Leagtar amach sna machnaimh agus sna luathmholtaí seo a leanas an dóigh ar féidir le haistriú cóir cabhrú le hÉirinn gníomhú ar son na haeráide a sholáthar a rachaidh chun tairbhe do gach duine, á chinntiú nach bhfágfar aon duine ar lár ar an gconair i dtreo todhchaí níos cothroime agus níos cuimsithí.

## 3.1 Cad is brí le haistriú cóir anseo?

Cé nach coincheap nua in Éirinn é aistriú cóir, tharla sé go dtí seo gur bhain sé go príomha leis an Lár Tíre agus leis an aistriú ar shiúl ó thionscail mhóinbhunaithe.

Go dtí seo, léiríodh leibhéal éigin amhrais agus drochiontaoibhe[13] i leith choincheap an aistrithe chóir le linn comhairliúchán, cláir thacaíochta agus tionscnamh. Ionas gur féidir linn bogadh ar aghaidh, tá sé ríthábhachtach muinín a atógáil, foghlaim ó iarrachtaí roimhe, agus an comhrá a leathnú níos faide ná an Lár Tíre, á chinntiú go n-éireoidh an t-aistriú cóir ina thosaíocht náisiúnta d'Éirinn ar fad.

Ceann de na príomhbhacainní atá ar aistriú cóir a chur chun feidhme is ea nach ann d'aon mhíniú soiléir a bhfuil glacadh uilíoch leis. D'éirigh aistriú cóir ina mhórchuspóir beartais le himeacht ama, agus is minic a bhíonn sé scartha ó bheartais shonracha, ó thosaíochtaí polaitiúla agus ó spriocanna intomhaiste. Cé go bhfuil cosúlachtaí ann idir léirmhínithe difriúla, tá sé dúshlánach aistriú cóir a chur chun feidhme sa chleachtas mar gheall ar na léirmhínithe sin a bheith ag teacht salach ar a chéile ar bhealaí áirithe.

13 Sa Tuarascáil ar an gComhrá faoin Aeráid 2023, mar shampla, tugadh faoi deara gur bhraith 90% de dhaoine nach bhfuil tionchar na ngníomhartha aeráide dáilte go cothrom ar fud an daonra, agus gur bhraith grúpaí amhail daoine faoi mhíchumas agus grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch go bhfuil siad faoi thearcionadaíocht i gcinnteoireacht. Rialtas na hÉireann, Tuarascáil ar an gComhrá faoin Aeráid 2023, lch 13

An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, na Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide, agus an Tascfhórsa um Aistriú Cóir, tá mínithe difriúla oibre curtha in iúl acu go léir do chomhthéacs na hÉireann. Cé go bhfuil aistriú cóir pléite sna Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide, tuigtear, tríd is tríd, go mínítear é go garbh iontu[14]. Le linn an luathphlé laistigh den Choimisiún, cuireadh tacaíocht in iúl don mhíniú níos iomlánaíche ar ghlac an Tascfhórsa um Aistriú Cóir é sa tuarascáil uaidh chuig an rialtas sa bhliain 2024[15].

> *"Agus Aistriú Cóir á dhéanamh chuig Éirinn atá aeráidneodrach, cruthófar todhchaí níos fearr do chách agus cinnteofar nach bhfágfar aon duine ar lár.*
>
> *Bainfear é sin amach trí idirphlé sóisialta, trí chaighdeáin chuibhiúla mhaireachtála a chur chun cinn, agus trí phleanáil réamhghníomhach chun athruithe a réamh-mheas. Ar an tslí sin, cothófar agus forbrófar poist agus deiseanna fostaíochta, oiliúint agus athoiliúint inbhuanaithe ardchaighdeáin. Trí infheistiú i seirbhísí, i mbonneagar agus i gcoimirce shóisialach, tacófar le daoine agus pobail a bhféadfadh an t-aistriú seo difear a dhéanamh dóibh ar bhealach atá cuimsitheach, cothromasach agus cothrom."*
>
> *An Tascfhórsa um Aistriú Cóir*

Ní théann an t-athrú aeráide i bhfeidhm ar gach duine ar an mbealach céanna. An áit a gcónaíonn daoine, a bpost, a n-aois, a n-inscne, a stádas socheacnamaíoch agus a soghluaisteacht, múnlaíonn siad go léir a n-eispéireas.

Aithníonn an Coimisiún freisin gur féidir saincheisteanna ríthábhachtacha a bhaineann le haistriú cóir a léirmhíniú ar bhealaí difriúla. Áirítear leis na saincheisteanna sin an gá atá le conradh sóisialta nua[16], leochaileacht, cothromas agus ceartas. Cuireann sé sin lena dheacra atá sé straitéisí comhtháite a dhearadh.

Dar leis an gCoimisiún, is toradh é aistriú cóir, agus is próiseas é freisin ar cheart dó ceapadh beartais aeráide a threorú. Rud ba thábhachtaí fós, tá aistriú cóir ina mhodh cumhachtach chun smaoineamh faoi bheartas agus faoi chinntí. Má úsáidtear go cuí é, is féidir leis cabhrú le torthaí níos cothromasaí agus níos éifeachtaí a chothú don tsochaí, comhdhearcadh sóisialta níos láidre a thógáil, agus an móiminteam a chruthú a theastaíonn le haghaidh gníomhú buan éifeachtach ar son na haeráide.

### Dul níos faide ná aistrithe fuinnimh

Ní féidir beag a dhéanamh d'aistriú cóir agus plé leis tríd an mbeartas fuinnimh agus trí ghníomhú ar son na haeráide agus tríothu sin amháin; ní mór gnéithe éagsúla eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil a chomhtháthú ann freisin. Cé nach mórtháirgeoir breoslaí iontaise í Éire, ní fhágann sé sin nach bhfuil an gá céanna ann le pleanáil réamhghníomhach a dhéanamh ar son aistriú cóir. Níor cheart aistrithe caolchúiseacha earnála a mheascadh le haistrithe boga. Is gá tuiscint níos doimhne a bheith ann ar na dúshláin agus na deiseanna uathúla atá ann ar fud earnálacha difriúla.

### Dul níos faide ná an maolú

San am i láthair, tá iarrachtaí aistrithe chóir dírithe go príomha ar an athrú aeráide a mhaolú. Mar gheall ar thionchair aeráide a bheith ag dul i ndéine, áfach, tá gá práinneach ann leis an díriú sin a leathnú chun go n-áireofar leis athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide. Ní mór straitéisí aistrithe chóir a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar an ngá méadaitheach atá le hullmhú do thionchair aeráide agus le freagairt dóibh.

Ní mór bearta oiriúnaithe a bheith cuimsitheach agus cothromasach ón taobh sóisialta de, á chinntiú nach ndéanfaidh siad leochaileachtaí ná neamhionannais atá ann cheana a threisiú go neamhbheartaithe agus nach n-aistreoidh siad rioscaí chuig pobail atá i mbaol cheana féin. Creideann an Coimisiún go bhfuil sé ríthábhachtach an t-oiriúnú a chomhtháthú isteach i bpleanáil aistrithe chóir. Ní mór féachaint ar athléimneacht mar chomhpháirt lárnach den mhóraistriú, seachas mar chlár oibre ar leith ná mar chlár oibre tánaisteach.

Tá measúnuithe ag teastáil chun a thuiscint conas a théann beartais oiriúnaithe i bhfeidhm ar riachtanais oiriúnaithe agus ar thorthaí sóisialta araon agus chun cabhrú le cur leis an tuiscint atá ann ar *athléimneacht chóir* – conas is féidir linn ullmhú do thionchair aeráide agus freagairt dóibh ar bhealaí atá cothrom agus cuimsitheach agus a thacaíonn leis na daoine is leochailí.

---

14 Kelleher, O., Mapping Just Transition Legal Obligations on the island of Ireland (2025): https://ejni.net/wp-content/uploads/2025/05/Mapping-just-transition-legal-obligations-24.05.25-.pdf

15 An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, An Tascfhórsa um Aistriú Cóir (2024): https://www.gov.ie/en/department-of- the-environment-climate-and-communications/publications/just-transition-taskforce/

16 Féach, i measc nithe eile: Tuarascáil ar an gComhrá faoin Aeráid 2023 (2024); Ceartas Sóisialta Éireann (2024); Eurofound (2024);

### Dul níos faide ná cineálacha scoite cur chuige

Cé go dtugtar sa Chreat um Prionsabail an Aistrithe Chóir ó Éirinn treoirphrionsabail úsáideacha, tá baol ann go bhféadfaí aistriú cóir a léirmhíniú ar bhealach cúng docht mar thoradh ar na ceithre cholún atá ann. San am i láthair, tá baol ann go mbeidh an cur chuige aistrithe chóir in Éirinn teoranta do thionchair dhiúltacha na mbeart aeráide atá ann cheana agus atá beartaithe a mhaolú.

**Tá deis ann dul níos faide, agus sinn ag úsáid aistriú cóir mar chreat chun bogadh i dtreo na ndeiseanna dearfacha is féidir leis an tír a thapú mar gheall ar mhórathruithe a dhéanamh agus chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannais shistéamacha agus ar bhunchúiseanna an athraithe aeráide.**

Is bainteach le haistriú cóir atá roinnt pléití leanúnacha beartais agus pleananna gaolmhara, amhail an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide, an Plean Forbartha Náisiúnta[17], an Plean Aeráide Sóisialta[18], an tAthbhreithniú ar Úsáid Talún[19], agus Plean Athbhunaithe Náisiúnta na hÉireann faoi Dhlí an Aontais Eorpaigh um Athbhunú Dúlra[20], i measc nithe eile.

Soláthraíonn aistriú cóir bealach uathúil chun beartais éagsúla a chomhtháthú, mar aon le cur chuige struchtúrtha i leith a chinntiú go ndéantar na hiarrachtaí sin a chomhordú agus a chur chun feidhme go maith.

### Dul níos faide ná gnó mar is gnách

Admhaíonn an Coimisiún gur gá aistriú cóir a bheith bunaithe ar an mórchreat um cheartas aeráide. Is é atá i gceist leis sin dul níos faide ná méadrachtaí eacnamaíocha ar mhaithe le díriú ar chothroime, ar chuimsiú agus ar chearta an duine ag gach céim den aistriú.

Gné lárnach de phléití aeráide go fóill is ea an scéal coiteann a bhaineann le nithe eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta a chothromú le chéile. Trí chur chuige aistrithe chóir a ghlacadh, beidh deis againn bogadh níos faide ná an cur chuige sin agus tuiscint a ghnóthú ar na hidirnaisc agus na hidirspleáchais dhoimhne atá ann idir na tosaíochtaí sin.

### Dul níos faide ná smaointeoireacht ghearrthéarmach

Cé go bhfuil aistriú na hÉireann chuig geilleagar aeráidneodrach bunaithe ar bhuiséid charbóin, ní thugtar iontu sin aon treoir shonrach maidir le conas aistriú cóir a bhaint amach.

Ní réiteach beartais aonuaire é aistriú cóir. Is próiseas leanúnach é. Is an-chasta atá an dúshlán in Éirinn: cé go bhfuil lánfhostaíocht againn sa tír seo, tríd is tríd, is ann d'éagothroime eacnamaíoch go fóill, agus bíonn bochtaineacht agus saibhreas foriomlán ag méadú taobh le taobh. Bíonn rioscaí ag teacht chun cinn do roinnt earnálacha, agus ní éireoidh le cur chuige uileghabhálach.

**Chun aistriú cóir a bhaint amach i ndáiríre, ní mór d'Éirinn bogadh níos faide ná ceapadh frithghníomhach beartais agus glacadh le hathrú struchtúrtha fadtéarmach, agus í ag cinntiú go soláthrófar gníomhú ar son na haeráide ar bhealach tapa agus ar bhealach cothrom araon, agus tairbhí buana á mbaint amach do na glúnta atá le teacht.**

Chomh maith leis sin, ní mór cur chuige na hÉireann i leith aistriú cóir a mheas a bheith ina chuid den iarracht dhomhanda atá ar bun chun dul i ngleic go cothrom leis an athrú aeráide. Trínár n-astaíochtaí a laghdú agus trí thacú le haistriú cothrom chuig sochaí aeráidneodrach, is féidir le hÉirinn rannchuidiú fiúntach a dhéanamh le todhchaí níos inbhuanaithe agus níos cothromasaí a áirithiú do chách.

17 An Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, Fógraíonn an tAire Chambers athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Náisiúnta (2025): https://www.gov.ie/en/ department-of-public-expenditure-infrastructure-public-service- reform-and-digitalisation/press-releases/ministers-chambers- announces-a-review-of-the-national-development-plan/

18 An Coimisiún Eorpach, An Ciste Aeráide Sóisialta: https://climate.ec.europa.eu/eu-action/eu-emissions-trading-system-eu-ets/social- climate-fund_en

19 An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil, Tosaítear Céim 2 den Athbhreithniú ar Úsáid Talún (2023): https://www.gov.ie/en/department-of-climate-energy-and-the-environment/press-releases/ phase-2-of-land-use-review-commences/

20 An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Fáiltíonn an tAire roimh cheadú an Dlí um Athbhunú Dúlra i bParlaimint an Aontais Eorpaigh (2024): https://www.gov.ie/en/department-of-housing- local-government-and-heritage/press-releases/ministers-welcome- approval-of-the-nature-restoration-law-in-the-eu-parliament/

**Moladh 1**

**Molann an Coimisiún go gcruthódh an rialtas straitéis ina mínítear an fhís atá aige le haghaidh aistriú cóir chuig geilleagar aeráidneodrach.**

Tá cur chuige straitéiseach ag teastáil chun aistriú cóir a chur i gcroílár an ghníomhaithe ar son na haeráide agus chun dul níos faide ná aistrithe fuinnimh, cineálacha scoite nó frithghníomhacha cur chuige, agus gnó mar is gnách. Sa straitéis sin, ba cheart sainaithint a dhéanamh ar na daoine is mó atá i mbaol, agus ba cheart a léiriú conas a rachaidh an t-aistriú chun tairbhe don tsochaí, go háirithe na daoine is mó a ndéantar difear dóibh.

## 3.2. Conas is féidir linn a chinntiú go bhfuil na córais chuí i bhfeidhm chun aistriú aeráide cothrom a sholáthar?

Cé go dtugann aistriú cóir an acmhainneacht chun bunathrú a dhéanamh ar fud na sochaí ar fad, teastaíonn uaidh tiomantas agus comhordú láidir ar fud gach leibhéil den rialtas freisin. Rinne Éire dul chun cinn tríd an gCreat um Prionsabail an Aistrithe Chóir, agus samplaí dearfacha de chur chun feidhme le feiceáil. Mar sin féin, tá sé dúshlánach go fóill soiléire agus comhsheasmhacht a bhaint amach maidir le prionsabail an Chreata um Aistriú Cóir a chur i bhfeidhm ar fud na n-earnálacha uile.

Is gá rialachas éifeachtach a bheith ann. Ní leor creataí a bhunú, agus is gá torthaí a bhraithfidh daoine ina saol laethúil a sholáthar freisin.

Rinne an Coimisiún breithniú ar cé acu ba cheart spriocanna aistrithe chóir a ghabháil i mbeartas náisiúnta aonair nó iad a chomhtháthú isteach i straitéisí atá ann cheana. Thug sé faoi deara freisin an easpa comhordúcháin atá ann idir na ranna i leith gníomhú ar son na haeráide agus gur bheag tuiscint atá acu ar na freagrachtaí aistrithe chóir atá orthu. Tá aistriú cóir rathúil ag brath ar ionchur ó roinnt ranna agus gníomhaithe neamhstáit éagsúla. Gan comhordú soiléir a bheith ann, áfach, tá baol ann go mbeidh na hiarrachtaí a dhéanfar scoilte agus neamhéifeachtach.

### Gníomhú uaillmhianach ar son na haeráide

Túsphointe an aistrithe chóir is ea dul i mbun gníomhú misniúil uaillmhianach ar son na haeráide. Níl ach dornán blianta fágtha ag Éirinn chun laghdú 51% ar astaíochtaí a bhaint amach faoin mbliain 2030, ach nílimid ar an mbóthar ceart go fóill. Réamh-mheasann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil go sáróidh Éire an chéad bhuiséad carbóin uaithi (2021–2025) faoi idir 8 milliún tona de choibhéisí $CO_2$ agus 12 mhilliún tona de choibhéisí $CO_2$. Réamh-mheastar anois go sárófar an dara buiséad (2026-2030) faoi idir 77 milliún tona de choibhéisí $CO_2$ agus 114 mhilliún tona de choibhéisí $CO_2$, agus an méid a tugadh ar aghaidh ón gcéad Bhuiséad Carbóin á chur san áireamh[21].

D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an chéad Mheasúnú Riosca Náisiúnta ó Éirinn ar an Athrú Aeráide le déanaí, ina leagtar amach cén uair agus conas is dócha go ndéanfaidh rioscaí aeráide difear don tír agus cén áit a dtiocfaidh na rioscaí sin chun cinn. Agus gach earnáil den tsochaí, den chomhshaol, agus den gheilleagar, lena n-áirítear fuinneamh, iompar, sláinte, uisce agus bia, pléite inti, sainaithnítear sa tuarascáil 115 riosca ar fud naoi gcóras, agus acmhainneacht ann le haghaidh tionchair chascáideacha. Ceithre riosca tosaíochta ar gá gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh ina leith sa chéad chúig bliana eile is ea gaoth fhoircneach, creimeadh cósta, tuilte, agus teas. Tarraingítear aird ar rioscaí idirnáisiúnta sa mheasúnú freisin, amhail díláithriú agus bagairtí ar shlándáil dhomhanda bia, ar shlabhraí soláthair agus ar gheilleagair, agustionchair éagsúla ann ar ghrúpaí difriúla den tsochaí.

Tá mórghníomhaíocht phráinneach ag teastáil chun na spriocanna atá ina gceangal dlí orainn a chomhlíonadh, chun Éire a bhogadh ar shiúl ó bhreoslaí iontaise, chun pobail a chosaint ar thionchair is measa an athraithe aeráide, agus chun bearta an-dian a sheachaint tráth níos déanaí.

Ní féidir aistriú cothrom a dhéanamh gan é a phleanáil ar dtús. Gan conairí soiléire earnáilsonracha a bheith ann go dtí na blianta 2030 agus 2050, ní bheifear in ann comhordú a dhéanamh ar na hathruithe struchtúrtha is gá chun astaíochtaí a laghdú agus cothromas sóisialta agus eacnamaíoch a choimirciú an tráth céanna.

Ionas gur féidir gníomhú ar son na haeráide a luathú, is gá freisin athmhachnamh a dhéanamh ar na córais atá taobh thiar de neamhionannas, á chinntiú gur aistriú misniúil agus cothrom é aistriú cóir agus go dtéann sé i ngleic le neamhionannas, seachas é a threisiú.

21 An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Ireland's Greenhouse Gas Emissions Projections 2024-2055 (2025): https://www.epa.ie/ publications/monitoring--assessment/ climate-change/air-emissions/ irelands-greenhouse-gas-emissions-projections-2024-2055.php

**Moladh 2**

**Treisiú leis an struchtúr rialachais agus leis na bunspriocanna inghnóthaithe a bhaineann le pleanáil aistrithe chóir i ngníomhú ar son na haeráide.**

Chun tacú le cur chun feidhme an Chreata um Prionsabail an Aistrithe Chóir, agus chun a thaispeáint gur cuid dhílis den bheartas aeráide é, is gá go n-éireodh aistriú cóir ina chomhpháirt níos comhtháite den timthriall bliantúil rialachais aeráide. Molann an Coimisiún spriocanna aistrithe chóir a shuí taobh le gníomhartha earnálacha chun iarrachtaí náisiúnta agus áitiúla a threorú agus chun dul chun cinn i dtreo geilleagar aeráidneodrach a rianú.

## 3.3. Conas is féidir linn dul chun cinn a rianú agus a chinntiú go mbíonn aistriú cóir á dhéanamh i ndáiríre?

Teastaíonn bealaí soiléire comhleanúnacha uainn chun a thomhas an mbíonn torthaí dearfacha saoil ag teacht as ár gcur chuige i leith aistriú cóir.

Cé go dtugtar sa Chreat um Prionsabail an Aistrithe Chóir struchtúr tosaigh chun aistriú cothrom a threorú, ní bhíonn úsáid chomhsheasmhach á baint as an gCreat sa bheartas aeráide. Cruthaíonn sé sin bearna idir gníomhú ar son na haeráide agus a chinntiú go mbíonn an t-aistriú cothrom do chách.

Cé gur cás-staidéir fhaisnéiseacha inspioráideacha iad na cás-staidéir maidir le haistriú cóir atá sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, ní thugtar iontu tuiscint níos doimhne dúinn ar an dóigh a gcuirtear an Creat i bhfeidhm i leith an bheartais aeráide, ní dhéantar aon fhaireachán ná aon anailís éifeachtach iontu ar cibé acu ar cuireadh an Creat san áireamh agus beartais aeráide earnála á bhforbairt, agus ní thugtar aon aghaidh iontu ar bhearnaí sa Chreat a chur i bhfeidhm i leith an bheartais aeráide.

Ar an dara dul síos, ní shonraítear sna cás-staidéir cén uair a bhreithnítear na daoine is leochailí i leith an aistrithe nó na daoine a ndéanann an t-aistriú an difear is mó dóibh.

**Mar sin, tá ceist le freagairt go fóill – an bhfuil aistriú cóir ina chuid de thionscnamh beartais, a fhágann gur féidir plé le haistriú cóir mar chuid lárnach den phróiseas beartais, nó an gcuirtear aistriú cóir san áireamh ag deireadh an phróisis agus ag an am sin amháin, tráth atáthar ag iarraidh teorainn a chur le tionchair dhiúltacha an aistrithe?**

### Táscairí aistrithe chóir

Tá gá soiléir ann le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn a bhíonn á dhéanamh againn i dtreo aistriú cóir. D'fhéadfaí creat táscairí a úsáid chun tacú leis na gnéithe faireacháin den phróiseas sin.

Tugann an Coimisiún faoi deara an obair atá ar bun ag an rialtas faoi láthair i ndáil le tacar Táscairí Aistrithe Chóir a bhunú[22]. Trí dhul chun cinn a rianú ach leas a bhaint as táscairí soiléire comhchruthaithe, is féidir le rialtais muinín a chothú agus a léiriú go bhfuil siad dáiríre faoi na gnéithe sóisialta agus eacnamaíocha den bheartas aeráide. Ar an tslí sin, neartaítear an tacaíocht i measc an phobail do ghníomhú ar son na haeráide trína léiriú go bhfuil tairbhí an aistrithe inbhraite, dáilte go cothrom, agus sofhreagrach do na riachtanais atá ag daoine.

Bíonn an móiminteam i leith táscairí aistrithe chóir ag fás ar an leibhéal idirnáisiúnta freisin. Is féidir le hÉirinn ról ceannaireachta a imirt trí ailíniú agus rannchuidiú leis an obair sin agus trí na táscairí a chur in oiriúint dár gcomhthéacs náisiúnta an tráth céanna.

Chun a chinntiú go mbeidh sé éifeachtach, áfach, ní mór roinnt ceanglas ar leith a chur san áireamh in aon chreat den sórt sin.

Chun dul chun cinn i dtreo aistriú cóir chuig geilleagar aeráidneodrach a thomhas go héifeachtach, ba cheart d'Éirinn sampla Choimisiún na hAlban um Aistriú Cóir a leanúint, áit ar shainaithin sé torthaí aistrithe chóir ar dtús[23]. Leis na torthaí sin, tabharfar fís shoiléir maidir leis an méid ba cheart d'aistriú cóir a bhaint amach, treorófar forbairt táscairí cuí, agus leagfar spriocanna intomhaiste síos.

Toradh eile a bheidh ar thorthaí aistrithe chóir a fhorbairt is ea go dtacófar leis an gcreat rialachais réamhluaite faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide. Is féidir leis na torthaí sin cabhrú le fís straitéiseach fhadtéarmach a shainiú le haghaidh aistriú cóir. Is féidir leo tacú freisin le spriocanna agus gníomhartha a chruthú a bheidh ag teacht le buiséid charbóin earnála agus le pleananna bliantúla earnála.

Ba cheart bonnlíne atá sainithe go soiléir a bheith ag gach táscaire, rud a fhágfaidh go mbeidh Éire in ann dul chun cinn a rianú le himeacht ama. Agus iarrachtaí faireacháin ar siúl, ní mór tús áite a thabhairt do thionchair fíorshaoil thar aon rúin luaite.

22 An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025 (2025): https://www.gov.ie/en/department- of-the-environment-climate-and-communications/publications/ climate-action-plan-2025/

23 An Coimisiún um Aistriú Cóir (Albain), Measuring and Evaluating Success in the Scottish Just Transition (2024): https://www.justtransition.scot/ publication/measuring-and-evaluating-success-in-the-scottish-just- transition/

Rud tábhachtach, ba cheart na táscairí sin a fhorbairt i gcomhar leis na pobail a ndéantar difear dóibh, go háirithe na pobail is leochailí i leith tionchair aeráide agus i leith athruithe beartais. Cinnteoidh caidreamh cuimsitheach go mbeidh na táscairí bunaithe ar thaithí fíorshaoil agus ar dhálaí sóisialta.

Agus na daoine a ndéanann an t-aistriú an difear is mó dóibh agus na daoine is leochailí i leith an aistrithe á sainaithint, ba cheart do na táscairí dearcadh sóisialta, spásúil agus ceartasbhunaithe a ghlacadh i leith gníomhú ar son na haeráide, agus aird á tabhairt ar thosca amhail bochtaineacht agus inacmhainneacht.

Chun cur chuige comhleanúnach comhtháite a chinntiú, ní mór a bhreithniú sa Chreat Táscairí Aistrithe Chóir conas a ailíníonn sé le creataí atá ann cheana, lena n-áirítear an Creat Folláine agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

De réir mar a fhorbraítear an Creat Táscairí, beidh sé ríthábhachtach an obair atá ann cheana a chomhordú ar fud ranna rialtais agus mór-gheallsealbhóirí. Cabhróidh sé sin le dúbláil a sheachaint, le cur leis an dul chun cinn reatha, agus le húsáid éifeachtúil acmhainní a chinntiú.

Beidh sé ríthábhachtach freisin a chinntiú go leabófar táscairí aistrithe chóir go hiomlán i meastóireacht beartais agus i gcinnteoireacht agus nach gcaithfear leo mar ábhair imní thánaisteacha.

**Moladh 3**

**Táscairí Aistrithe Chóir a bhunú chun tacú le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar ár ndul chun cinn i dtreo aistriú cóir, áit a dtugtar aird ar na daoine a ndéanann an t-aistriú an difear is mó dóibh agus ar na daoine is leochailí i leith an aistrithe.**

Is féidir le struchtúr láidir rialachais, a bhféadfadh tacaíocht ón gCoimisiún a bheith i gceist leis, úinéireacht, trédhearcacht agus cuntasacht a chinntiú i leith chur chun feidhme na dtáscairí sin.

### Pobail leochaileacha a shainaithint agus tacaíocht a thabhairt dóibh

Ní ag an aistear chuig sochaí aeráidneodrach a bheidh an tionchar céanna ar gach duine. Is mó an suaitheadh sóisialta agus eacnamaíoch a bheidh ann do dhaoine áirithe ná daoine eile, go háirithe iad sin atá spleách ar thionscail atá dian ó thaobh carbóin de nó atá i limistéir atá leochaileach i leith an athraithe aeráide. Is dócha go ndéanfar difear díréireach do ghrúpaí áirithe, amhail mná, imircigh, tuismitheoirí aonair, daoine faoi mhíchumas, daoine ar ísealioncam, agus daoine den Lucht Siúil. Is ionann imthosca daoine agus rud eile a chinneann an leibhéal gníomhaithe ar son na haeráide is féidir leo a dhéanamh.

Is gá tuilleadh oibre a chur isteach chun sainaithint a dhéanamh ar na daoine sin atá sa bhaol is mó – mar gheall ar na héifeachtaí a bheidh ag beartais aeráide agus ar na mórthionchair a bheidh ag an athrú aeráide araon – agus ar na daoine sin is lú cumas chun gníomhú ar son na haeráide, agus is gá tacaíocht a thabhairt do na daoine sin.

### Cur chuige trasnach

Creideann an Coimisiún gur le cur chuige trasnach i leith aistriú cóir a ghabhann creat luachmhar chun feabhas a chur ar an tuiscint ar an dóigh a bhforluíonn córais dhifriúla chumhachta, amhail idirdhealú inscne, éagothroime eacnamaíoch agus struchtúir aicme sóisialta, ar a chéile chun eispéiris uathúla ó thaobh riosca aeráide de a mhúnlú. Ní mór na tosca forluiteacha sin a chur san áireamh le linn aistriú cóir, á chinntiú go bhfuil beartais cuimsitheach, spriocdhírithe agus freagrúil do dhálaí éagsúla na bpobal a ndéantar difear dóibh.

Toradh eile atá ar chur chuige trasnach is ea go dtugtar an deis chun iniúchadh a dhéanamh ar réimsí ríthábhachtacha amhail obair cúraim, ar réimsí iad ar tugadh neamhaird orthu ina lán cásanna a mhéid a bhaineann leis an aeráid agus le haistriú cóir.

Tá ríthábhacht ag baint le cineálacha áitbhunaithe cur chuige i leith aistriú cóir freisin maidir lena chinntiú nach é amháin go mbreithnítear tosca eacnamaíocha ach go mbreithnítear an comhthéacs áitiúil, an chéannacht áitiúil agus an chreatlach shóisialta áitiúil freisin ionas nach bhfágfar aon phobal ar lár le linn an aistrithe.

**Moladh 4**

**Tuiscint a chothú ar na leochaileachtaí a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide.**

Chun a chinntiú nach ndéanfar dearmad orthu, is gá grúpaí leochaileacha a shainaithint, ní amháin trí mhórchatagóirí eacnamaíocha, ach trí leochaileachtaí earnáilsonracha agus geografacha agus trasnachas a bhreithniú freisin.

### Aghaidh a thabhairt ar bhearnaí ríthábhachtacha sonraí

Aithníonn an Coimisiún na hiarrachtaí leanúnacha atá ar bun ag grúpaí éagsúla maidir le fianaise agus moltaí a sholáthar chun bonn eolais a chur faoi chur chuige na hÉireann i leith aistriú cóir.

Shainaithin an Coimisiún freisin an gá atá leis na sonraí atá ar fáil a léarscáiliú agus a athbhreithniú agus le sainaithint a dhéanamh ar bhearnaí san fháil atá ar na sonraí is gá chun measúnú a dhéanamh ar thionchair shóisialta, eacnamaíocha agus réigiúnacha an ghníomhaithe ar son na haeráide agus i gcáilíocht na sonraí sin.Cuireann an easpa sonraí láidre srian leis an gcumas atá ann measúnuithe tionchair atá fiúntach agus fianaisebhunaithe a dhéanamh ar fud earnálacha, go háirithe a mhéid a bhaineann lena thuiscint cé na daoine a ndéantar an difear is mó dóibh agus cén fáth.

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, ba cheart don rialtas tús áite a thabhairt do chórais chuimsitheacha sonraí agus cumas anailíseach cuimsitheach a fhorbairt chun gur féidir faisnéis mhionsonraithe a bhailiú faoi phríomh-shaincheisteanna aistrithe chóir, amhail ioncam teaghlaigh, inscne, míchumas, eitneacht, cearta an duine, agus tosca tábhachtacha eile.

D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist leis sin:

- Na sonraí iomchuí uile atá ar fáil faoi láthair a thiomsú isteach i dtaisclann lárnach.
- Dul i gcomhpháirt le comhlachtaí amhail ollscoileanna, an Phríomh-Oifig Staidrimh, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus grúpaí sochaí sibhialta chun sonraí a chomhtháirgeadh agus chun bearnaí eolais atá ann cheana a líonadh.
- Infheistiú i gcumas taighde intíre, go háirithe in anailís ar thionchar socheacnamaíoch agus i léarscáiliú geografach leochaileachta.
- Caidreamh a dhéanamh le ceannairí áitiúla agus le cumainn phobail áitiúil chun a thuiscint conas a dhéanann athruithe beartais difear do phobail leochaileacha, lena n-áirítear iad sin sa gheilleagar neamhfhoirmiúil.

**Moladh 5**

**Na sonraí atá ar fáil a léarscáiliú agus a athbhreithniú agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i mbailiú sonraí tábhachtacha aistrithe chóir trí iarrachtaí comhoibríocha faireacháin.**

Cuireann an easpa sonraí láidre bac ar an gcumas atá ann measúnuithe tionchair atá fiúntach agus fianaisebhunaithe a dhéanamh ar fud earnálacha agus ar na daoine is mó a ndéantar difear dóibh a shainaithint.

## 3.4. Conas is féidir linn caidreamh agus cumarsáid a fheabhsú chun tacú le haistriú cóir?

Chun go n-éireoidh le beartais aistrithe chóir, ní mór rannpháirtíocht an phobail a bheith ina gné bhunúsach. Ní féidir aistriú cóir a fhorbairt ar chúla téarmaí. Ní mór é a chomhchruthú le pobail trí chineálacha rannpháirtíocha cur chuige a théann níos faide ná modhanna traidisiúnta comhairliúcháin.

Tá coincheap an aistrithe chóir ag athrú go fóill, agus d'fhéadfaí rud diúltach a shamhlú leis, go háirithe i gcás nach ndearnadh iarrachtaí roimhe a bhainistiú ná a chur in iúl i gceart. Tá tuirse rannpháirtíochta ina hábhar imní méadaitheach freisin. Chun rannpháirtíocht fhiúntach a choinneáil ar bun, ní mór próisis a bheith freagrúil agus trédhearcach agus ní mór an t-am agus an cumas atá ar fáil do rannpháirtithe a chur san áireamh iontu.

Is é an tIdirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide an príomh-mheán a úsáideann an rialtas faoi láthair le haghaidh caidreamh a dhéanamh leis an tsochaí ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal an phobail. Tá sé mar aidhm leis treisiú leis an gcaidreamh idir an rialtas agus an pobal trí luachanna comhroinnte amhail cothroime, comhoibriú, agus athruithe dearfacha. Ceann amháin de na spriocanna lárnacha atá leis is ea a chinntiú go léireofar sa bheartas aeráide amach anseo guth na bpobal leochaileach agus na bpobal a n-imrítear tionchar orthu.

Tá sé de chúram ar an gCoimisiún comhairle a thabhairt maidir le treisiú leis na gnéithe áitiúla agus pobail d'aistriú cóir agus maidir le treisiú leis an gcaidreamh a dhéantar le cohóirt leochaileacha mar chuid de ghníomhaíochtaí caidrimh na hÉireann maidir leis an aeráid, go háirithe an tIdirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide.

### Inrochtaineacht

Trí fhormáid agus socruithe an Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide, ba cheart tacú le rannpháirtíocht leathan, go háirithe rannpháirtíocht ó ghrúpaí leochaileacha. Ba cheart inrochtaineacht a chur san áireamh agus imeachtaí, modhanna caidrimh agus aschuir á ndearadh.

Chun an méid sin a chumasú, agus chun a chinntiú go ngabhfaidh an tIdirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide guth na ndaoine a n-imríonn an t-aistriú an tionchar is mó orthu agus atá ar na daoine is leochailí ina leith, ba cheart an tIdirphlé a acmhainniú chun gur féidir plé níos réigiúnaí agus níos áitbhunaithe a dhéanamh ar ghníomhú ar son na haeráide.

### Gan an iomarca béime a chur ar fhreagracht an duine aonair

Ar mhaithe le hidirphlé cothromaithe a chinntiú i measc na gcodanna uile den tsochaí, tá sé tábhachtach gan an iomarca béime a chur ar ghníomhartha an duine aonair a bheith ar an bpríomhréiteach ar an athrú aeráide. Ina ionad sin, ba cheart an bhéim a chur ar dhul i ngleic leis na bunchúiseanna leis an athrú aeráide.

Is gá cuntasacht chomhroinnte a bheith ann chun go n-éireoidh le gníomhú ar son na haeráide, áit a ndéanann rialtais, tionscail agus institiúidí a sciar féin agus a ndéanann daoine aonair an rud céanna. Tríd an gcomhrá a leathnú, is féidir linn réitigh níos cothroime agus níos éifeachtaí a chruthú atá ag teacht le dálaí fíorshaoil na ngrúpaí uile sa tsochaí.

### Inacmhainneacht a iniúchadh

Bacainn mhór ar leith ar rannpháirtíocht is ea a inacmhainne atá gníomhú ar son na haeráide, go háirithe i gcás grúpaí leochaileacha. Trí thionscnamh amhail 'Comhráite faoin Aeráid' agus 'Éiríonn le Gníomhartha ar son na hAeráide'[24], ní mór don Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide iniúchadh níos mine a dhéanamh ar an tsaincheist sin ar mhaithe le dearadh cuimsitheach beartais a chinntiú agus taithí fíorshaoil a léiriú ar bhealach níos fearr.

### Caitheamh le pobail tuaithe mar ghrúpa sainiúil

A bhuí le cur chuige atriallach an Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide, is féidir cohóirt bhreise a chuimsiú go leanúnach. Mar shampla, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uathúla atá roimh phobail tuaithe, mar a chonacthas le linn Stoirm Éowyn le déanaí, tá gá ann le ról a thabhairt do phobail tuaithe mar ghrúpa sainiúil, agus an méid sin a dhéanamh ar leithligh ó phobail feirmeoireachta, ó phobail chósta agus ó phobail an Láir Tíre.

### Úsáid fionnachtana

Bíonn sé ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí a chur in iúl conas a úsáidtear fionnachtana an Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide i gceapadh beartais. Nuair a dhéantar amhlaidh, bailíochtaítear an rannchuidiú ó gheallsealbhóirí, cothaítear iontaoibh, agus spreagtar rannpháirtíocht leantach.

### Moladh 6

**Feabhas a chur ar an Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide a mhéid a bhaineann le hinrochtaineacht, inacmhainneacht, cuntasacht, agus úsáid fionnachtana.**

Chun a chinntiú go dtabharfar aird ar na daoine is leochailí, go dtabharfar aghaidh ar bhunchúiseanna agus go gcuirfear guth na gcohórt lena mbaineann san áireamh sa bheartas aeráide amach anseo tríd an gcuspóir foriomlán, trí na hionchuir agus na haschuir fhoriomlána agus trí na modhanna foriomlána caidrimh a bhaineann leis an Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide.

### Aistriú cóir a chur in iúl

Tugann aistriú cóir deis dúinn fís nua a chomhchruthú le haghaidh gníomhú ar son na haeráide in Éirinn. Mar sin féin, ionas go mbeidh tacaíocht leathan ann d'aistriú cóir, tá sé ríthábhachtach go dtuigfeadh an tsochaí ar fad práinn na géarchéime aeráide agus an cuspóir agus an acmhainneacht atá ag aistriú cóir araon. Gan cumarsáid shoiléir, inrochtana agus intuigthe a bheith ann, tá baol ann go mbeidh mearbhall ann faoin gcoincheap nó go mbeidh eagla ann roimhe.

Aithníonn an Coimisiún na deiseanna agus na dúshláin araon a bhaineann le haistriú cóir a chur in iúl, agus leagann sé béim ar a thábhachtaí atá sé aird a tharraingt ar scéalta dearfacha agus samplaí rathúla d'aistriú cóir sa chleachtas. Chun tacú leis sin, molann an Coimisiún go bhforbrófaí stór lárnach cás-staidéar chun tairbhí fíorshaoil a thaispeáint agus chun iontaoibh an phobail a chothú.

Aithníonn an Coimisiún freisin gur gá cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh i leith aistriú cóir a chur in iúl mar ábhar práinne ar mhaithe le dul i ngleic leis an riosca méadaitheach a bhaineann le mífhaisnéis agus bréagaisnéis maidir le gníomhú ar son na haeráide in Éirinn.

24 An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Éiríonn le Gníomhartha ar son na hAeráide (2024): https://www.gov.ie/en/department-of- the-environment-climate-and-communications/campaigns/climate- actions-work/

**Moladh 7**

**Aistriú cóir a chomhtháthú isteach sna teachtaireachtaí agus na cumarsáidí uile a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide.**

Ba cheart do gach roinn rialtais obair go réamhghníomhach chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Tuiscint níos fearr a ghnóthú ar an bhfeasacht agus na léirmhínithe reatha ar aistriú cóir ar fud na sochaí.
- Teachtaireachtaí aistrithe chóir a chomhtháthú isteach sna cumarsáidí uile a bhaineann leis an aeráid.
- Treoracha praiticiúla agus tacair phraiticiúla uirlisí a chruthú chun cabhrú le pobail, gnólachtaí agus geallsealbhóirí eile an ról atá acu a thuiscint.
- Úsáid a bhaint as teanga chuimsitheach inrochtana a théann i bhfeidhm ar spriocphobail éagsúla agus a léiríonn a dtaithí fíorshaoil.

# 4. Todhchaí na hÉireann a Mhúnlú le Chéile: Aistriú Cóir do Chách

Tá aistear na hÉireann i dtreo aeráidneodrachta ar siúl. Cé gur leagadh bunchloch láidir síos, nílimid ar an mbóthar ceart go fóill, agus níl aon ráthaíocht ann go mbainfear torthaí cothroma amach.

Tá adhaimsir, costais mhéadaitheacha agus díghrádú comhshaoil ag déanamh difear dár gcuid tithe, sláinte agus slite beatha cheana féin. Níl an difear céanna á dhéanamh do gach duine, áfach, agus, gan pleanáil chúramach, tá baol ann go ndoimhneofar neamhionannais atá ann cheana dá dheasca sin.

Rachaidh Éire faoin mbunathrú is mó riamh sna blianta atá le teacht, rud a athróidh an dóigh a mairimid, a n-oibrímid, a ngluaisimid agus a ndéanaimid cuid mhór rudaí eile. Chun an bunathrú sin a dhéanamh, tá níos mó ag teastáil ná spriocanna astaíochtaí amháin. Tá comhfhís agus plean duineláraithe ag teastáil freisin.

Tugann aistriú cóir an deis sin dúinn:
an seans chun an todhchaí sin a mhúnlú ar bhonn comhoibríoch, agus cothroime á cinntiú ag gach céim. Is é atá i gceist leis sin spás a chruthú le haghaidh idirphlé macánta, éisteacht leis na daoine is mó a ndéantar difear dóibh, agus tacaíochtaí láidre a chur i bhfeidhm dóibh sin a bhfuil an gá is mó acu leo.

**Is iad na torthaí a bheidh ar aghaidh a thabhairt ar an aistriú sin ar bhealach atá cúramach agus a bhfuil cuspóir leis ná tairbhí bunathraitheacha, pobail chumhachtaithe, costais laghdaithe, tithe níos teo, iompar poiblí níos fearr, dúlra athbhunaithe, geilleagair thuaithe níos láidre, agus sochaí níos athléimní.**

Ach ní trí sheans a tharlóidh sé sin. Teastóidh macántacht faoi scála na n-athruithe atá le teacht, mar aon le tiomantas do na hathruithe sin a bhainistiú ar bhealach réamhghníomhach cothrom ag gach céim.

Tugtar sa tuarascáil seo léargas ar mhachnaimh agus cur chuige tosaigh an Choimisiúin i leith aistriú cóir. Leanfaidh an Coimisiún le hiniúchadh a dhéanamh ar chur chuige na hÉireann i leith aistriú cóir ar fud roinnt earnálacha agus téamaí ar feadh na coda eile dár dtéarma trí thaighde agus anailís, trí athbhreithnithe earnála agus, rud tábhachtach, trí chaidreamh le geallsealbhóirí, le saineolaithe iomchuí agus le daoine a bhfuil taithí fíorshaoil acu.

Tá rún daingean ag an gCoimisiún tacú le hÉirinn le linn an aistrithe seo agus obair i gcomhar le daoine eile chun todhchaí chóir chuimsitheach a mhúnlú do chách.

# Aguisín 1

## Téarmaí Tagartha - An Coimisiún um Aistriú Cóir

### 1. Bunú

1.1 Bunaíodh an Coimisiún um Aistriú Cóir (an Coimisiún) ar bhonn riaracháin le Cinneadh ón rialtas an 30 Aibreán 2024.

1.2 Is é misean an Choimisiúin um Aistriú Cóir tacú leis an rialtas déanamh de réir na freagrachta atá air a fhoráil go mbeidh aird ag aistriú na hÉireann faoin gCuspóir Aeráide Náisiúnta ar an ngá atá le haistriú cóir a dhéanamh chuig geilleagar aeráidneodrach ina ndéantar dianiarracht, a mhéid is indéanta, deiseanna fostaíochta a uasmhéadú agus tacú le daoine agus le pobail a bhféadfadh go mbeadh éifeacht dhiúltach ag an aistriú orthu. Beidh an Coimisiún ina ghuth poiblí maidir le pleanáil le haghaidh aistriú cóir, stiúrfaidh sé an obair chun tuiscint chomhroinnte a fhorbairt, agus sainaithneoidh sé na dúshláin, na réitigh agus na deiseanna a bheidh roimh Éirinn.

### 2. Feidhmeanna an Choimisiúin um Aistriú Cóir

2.1 Is iad seo a leanas na feidhmeanna atá ag an gCoimisiún um Aistriú Cóir:

- **Taighde fianaisebhunaithe straitéiseach a ullmhú agus a anailísiú i ndáil leis an aistriú cóir:** chun pleanáil fhadtéarmach beartais agus infheistíochta aeráide a réamh-mheas agus chun bonn eolais a chur fúithi, lena n-áirítear díriú ar na tionchair, na rioscaí agus na deiseanna a d'fhéadfadh teacht as an aistriú aeráide le haghaidh earnálacha difriúla den gheilleagar agus den tsochaí, lena n-áirítear na tionchair shóisialta, eacnamaíocha agus fostaíochta a bheidh ag an athrú sin agus na freagairtí beartais a bheidh ag teastáil.
- **Meastóireacht a dhéanamh** ar phleanáil beartais, ar chur chun feidhme beartais agus ar an dul chun cinn ar phrionsabail aistrithe chóir na hÉireann a chur le beartais aeráide náisiúnta agus earnála, agus leas á bhaint as anailís ardchaighdeáin fhianaisebhunaithe, agus comhairle agus barúlacha a thabhairt maidir leo sin.
- **Comhairle straitéiseach agus caidreamh straitéiseach a sholáthar maidir leis an aistriú cóir:** tacóidh an Coimisiún leis an Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus le haon idirphlé eile ar nithe a bhaineann leis an aeráid/leis an aistriú cóir laistigh d'earnálacha aonair agus ar chur chun feidhme na gclár aeráide ar chomhaontaigh an rialtas iad.
- **Caidreamh earnála nó réigiúnach agus treochlárú:** féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, nó arna iarraidh sin ag an rialtas, dul i mbun caidreamh réamhghníomhach le pobail, earnálacha nó réigiúin ar leith atá ag déileáil le dúshláin ghéara nó fhadtéarmacha shonracha a eascraíonn as an aistriú, agus comhairle a thabhairt don rialtas maidir le comhordú straitéiseach ag gníomhaireachtaí an Stáit nó maidir le haon idirghabhálacha nó tacaíochtaí spriocdhírithe a d'fhéadfadh cabhrú le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhfuil an pobal, earnáil nó réigiún sin ag déileáil leo.

### 3. Clár Oibre

3.1 Áireofar na nithe seo a leanas leis an gclár oibre do chéad téarma an Choimisiúin, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Anailís ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann ar fhórsa saothair na hÉireann, agus na himpleachtaí beartais a d'fhéadfadh a bheith ann, mar gheall ar an gcuspóir aeráide náisiúnta reachtúil don bhliain 2050 a bhaint amach; lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar na himpleachtaí foriomlána a d'fhéadfadh a bheith ann don fhostaíocht, ar na hearnálacha den gheilleagar a bhféadfadh go n-imreofaí an drochthionchar is mó orthu, agus ar na hearnálacha ar dóigh dóibh fás suntasach fostaíochta a fheiceáil sna blianta fada atá le teacht; agus scrúdú ar dháileadh geografach na dtionchar sin.
- Measúnú ar a mhéid atá beartais um ghníomhú ar son na haeráide ag teacht le prionsabail an Chreata um Aistriú Cóir ó Éirinn, agus aird á tabhairt ar an gcreat beartais agus na huasteorainneacha astaíochtaí earnála atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, agus comhairle maidir le haon deiseanna atá ann treisiú leis na prionsabail féin agus leis an dóigh a gcuirtear na prionsabail i bhfeidhm i mbeartais earnála.

- Comhairle maidir le treisiú leis na gnéithe áitiúla agus pobail d'aistriú cóir agus maidir le treisiú leis an gcaidreamh a dhéantar le cohóirt leochaileacha i leith ghníomhaíochtaí caidrimh na hÉireann maidir leis an aeráid, go háirithe an tIdirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus idirphléití earnála.
- Moltaí maidir le tacar táscairí aistrithe chóir chun tacú leis an dul chun cinn a dhéanfar le himeacht ama maidir le haistriú cóir a bhaint amach a thomhas.

## 4. Comhaltas agus Cathaoirleach

4.1 Ní lú ná ochtar Gnáthchomhaltaí agus ní mó ná deichniúr Gnáthchomhaltaí (gan an Cathaoirleach a áireamh) an líon Comhaltaí, a cheapfar ar bhonn páirtaimseartha amháin. Déanfar ceapacháin chuig an gCoimisiún ar feadh téarma trí bliana ar a mhéad, ar téarma é a fhéadfar a athnuachan uair amháin.

4.2 Is é nó í an tAire a bheidh freagrach as an mbeartas aeráide a dhéanfaidh ceapacháin chuig an gCoimisiún bunaithe ar chritéir oibiachtúla, agus aird chuí á tabhairt ar na tairbhí a bhaineann leis an éagsúlacht, lena n-áirítear ar bhonn inscne. Ba cheart comhdhéanamh an Choimisiúin a bheith cothromaithe, ionas go ndéanfaidh tuairimí na gcomhaltaí ionadaíocht do ghrúpa éagsúil geallsealbhóirí.

4.3 Féadfaidh an tAire comhalta amháin a cheapadh ó gach ceann de na cúig cholún d'idirphlé sóisialta, arb é atá iontu an colún Talmhaíochta, an colún Pobail agus Deonach, an colún Fostóirí, an colún Comhshaoil agus an colún Ceardchumann.

4.4 Earcófar na comhaltaí eile trí phróiseas iomaíoch chun comhaltaí tarmligthe a fhorlíonadh, agus déanfaidh siad ionadaíocht do raon cineálacha saineolais agus dearcthaí, lena n-áirítear cearta an duine agus comhionannas, forbairt scileanna, forbairt tuaithe agus pobail, cuimsiú sóisialta, an t-aistriú eacnamaíoch glas, agus dearcthaí óige.

4.5 Ceapfaidh an tAire an Cathaoirleach as measc na gcomhaltaí ceaptha nó trí phróiseas earcaíochta iomaíoch ar leith.

4.6 Beidh an Cathaoirleach neamhspleách ar an rialtas, agus beidh sé nó sí freagrach as clár oibre an Choimisiúin a chinneadh, i gcomhairle leis na Comhaltaí, agus as an gclár oibre sin a chur i gcrích, i gcomhar leis an rúnaíocht.

4.7 Féadfaidh an tAire a chinneadh leaschathaoirleach amháin nó níos mó a cheapadh as measc na gComhaltaí, de réir mar is gá, faoi réir an fhreagracht deiridh a bheith ar an gCathaoirleach i gcónaí.

4.8 Is daoine atá cáilithe go cuí a bheidh sna Comhaltaí agus sa Chathaoirleach (mar shampla, daoine aonair a bhfuil taithí dhíreach acu ar shaincheisteanna beartais ó thaobh an ghnó nó na sochaí de nó sa saol acadúil, ach gan a bheith teoranta dóibh).

4.9 Ceadóidh an rialtas gach ceapachán a dhéanfar chuig an gCoimisiún.

4.10 Gheobhaidh Comhaltaí den Choimisiún táille agus caiteachais.

## 5. Neamhspleáchas an Choimisiúin

5.1 Is comhlacht neamhspleách é an Coimisiún, agus comhlíonfaidh sé a dhualgais ar bhealach oibiachtúil, neodrach agus lán-neamhspleách, saor ó aon idé-eolaíocht nó seasamh polaitiúil léirithe.

5.2 Beidh neamhspleáchas feidhmiúil ag an gCoimisiún, agus beidh sé freagrach as a chlár oibre féin a bhainistiú agus a threorú, ach amháin i gcás go n-iarrfaidh an rialtas air dul i mbun caidreamh réamhghníomhach le pobail, earnálacha nó réigiúin ar leith atá ag déileáil le dúshláin ghéara nó fhadtéarmacha shonracha a eascraíonn as an aistriú. Múnlóidh an Cathaoirleach an clár oibre, i gcomhairle leis na Comhaltaí agus le cúnamh óna Rúnaíocht.

5.3 Forbróidh an Coimisiún Meabhrán Tuisceana leis an rialtas, tríd an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, rud ina leagfar amach an caidreamh oibríochtúil idir an Coimisiún agus an rialtas, lena n-áirítear acmhainní rúnaíochta, airgeadais agus oibríochtúla a sholáthar don Choimisiún.

5.4 Tairgfidh an Coimisiún anailís neamhspleách fhianaisebhunaithe ardchaighdeáin ar na dúshláin agus na deiseanna a ghabhann le haistriú cóir, agus tuairisceoidh sé don rialtas tríd an Aire a bheidh freagrach as an mbeartas aeráide, agus cuirfidh sé an anailís sin ar fáil don phobal chun eolas a thabhairt d'fhorbairt beartais ar fud an rialtais

## 6. Ionadaithe Comhairleacha

6.1 Féadfaidh na Ranna* seo a leanas freastal ar chruinnithe den Choimisiún i gcáil chomhairleach:

- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
- An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
- An Roinn Airgeadais
- An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
- An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe
- An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
- An Roinn Coimirce Sóisialaí
- Roinn an Taoisigh
- An Roinn Iompair

6.2 Féadfaidh an Coimisiún cuireadh a thabhairt do ranna agus Gníomhaireachtaí rialtais eile freastal ar chruinnithe den Choimisiún i gcáil chomhairleach i gcás gur cuí.

6.3 Nuair is gá, féadfaidh ionadaithe malartacha freastal thar ceann ionadaithe comhairleacha, le comhaontú roimh ré ón gCathaoirleach.

** Teidil na Ranna tráth bhunú an Choimisiúin.*

## 7. Caidreamh le comhlachtaí eile

7.1 Beidh an caidreamh idir an Coimisiún agus an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide faoi réir Meabhrán Tuisceana idir an dá chomhlacht.

7.2 Féadfaidh an Coimisiún a chlár oibre a chomhordú le comhlachtaí comhairleacha eile chun comhlántacht chuí a chinntiú, agus aird á tabhairt ar chlár oibre an Choimisiúin atá leagtha amach in alt 3.

## 8. Cruinnithe agus Nós Imeachta

8.1 Faoi réir cheanglais an ailt seo, rialóidh an Coimisiún a nósanna imeachta féin.

8.2 Seisear comhaltaí is córam do chruinniú den Choimisiún.

8.3 Féachfaidh an Coimisiún le cinntí a dhéanamh le comhthoil. I gcás nach bhféadfar é sin a dhéanamh, cinnfear cinntí le tromlach simplí de vótaí na gcomhaltaí a bheidh i láthair agus, más rud é go mbeidh comhionannas vótaí ann, beidh vóta réitigh ag an gCathaoirleach.

8.4 Féadfaidh an Cathaoirleach cruinniú den Choimisiún a ghairm tráth ar bith, nó gairfidh sé nó sí cruinniú den Choimisiún aon uair a iarrfaidh aon chúigear comhaltaí den Choimisiún i scríbhinn air nó uirthi déanamh amhlaidh.

8.5 Ní dhéanfar aon tuairimí a chuirfidh an Coimisiún in iúl i bhfoilseacháin, nó a chuirfidh aon Chomhalta den Choimisiún in iúl ag labhairt dó nó di thar a cheann, a thuiscint mar thuairimí an Aire a bheidh freagrach as an mbeartas aeráide ná mar thuairimí aon Chomhalta den rialtas.

8.6 Ach amháin i bhfeidhmiú a ndualgas, toirmiscfear nochtadh aon fhaisnéise a gheobhaidh aon chomhalta den Choimisiún nó d'aon choiste nó aon ghrúpa comhairleach arna cheapadh aige.

8.7 Coinneoidh an Coimisiún an tAire a bheidh freagrach as an mbeartas aeráide ar an eolas go tráthrialta faoina chuid gníomhaíochtaí agus, uair sa bhliain ar a laghad, tabharfar deis don Chathaoirleach príomhfhionnachtana agus moltaí a chuid oibre a leagan faoi bhráid an Aire.

## 9. Rúnaíocht

9.1 Is í an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a sholáthróidh an rúnaíocht don Choimisiún.

9.2 Is tríd an Rúnaíocht a dhéanfar an chumarsáid idir an rialtas, Airí, oifigigh den rialtas agus an Coimisiún, ach amháin i gcás go ndéanfaidh an Cathaoirleach caidreamh díreach leis na páirtithe sin.

## Téigh i dteagmháil!

Tá an Coimisiún ag iarraidh cluinstin ó dhaoine, ó phobail, ó eagraíochtaí agus ó ghníomhaithe sochaíocha i gcoitinne atá ag obair i dtreo aistriú cóir. Ba mhaith linn cluinstin faoi na dúshláin atá romhainn agus faoi shamplaí dearfacha den dóigh ar féidir spriocanna sóisialta agus aeráide a chomhtháthú chun tacú le gníomhaíocht, cuimsiú, ceartas agus comhionannas. Chun do léargais nó do scéalta a chomhroinnt, seol ríomhphost chugainn ag

info@justtransitioncommission.ie
www.justtransitioncommission.ie

**Coimisiún na hÉireann um Aistriú Cóir**

Just Transition Commission of Ireland



www.justtransitioncommission.ie